Department of Education and Science
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Ráiteas Straitéise

2008-2010

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

Clár an Ábhair

Brollach ón Aire 5

Réamhrá ón Ard-Rúnaí 7

1. Át misean agus ár naidhmeanna 9

2. An timpeallacht ina noibrímid 13

3. Ag tacú le pobail scoile 17

4. Breisoideachas agus seirchísí óige 31

5. Ardoideachas agus taighde 37

6. Seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt 45

7. Ag tacú le soláthar seirbhísí 55

8. Ag díriú ar riachtanais ár gcuid custaimírí 59

9. Cabhair a thabhairt maidir le straitéisí trans-rannacha 63

10. Faireachán agus athbhreithniú 67

11. Táscairí feidhmíochta 71

Aguisín 1 Gníomhaóochtaí tras-rannacha 75

Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Sa ráiteas Straitéise seo, leagtar amach an misean, na spriocanna agus na cuspóirí a bheidh mar threoir dúinn i gcomhair obair na Roinne Oideachais agus Eolaíochta sa tréimhse trí bliana 2008 go 2010. Tá na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa straitéis seo nasctha leis an timpeallacht bheartais agus oibríochta as ar eascair siad. Cuirtear i gcuntas iontu na tosaíochtaí agus na gealltanais atá sa Chlár Comhaontaithe Rialtais, sa Phlean Náisiúnta Forbartha agus sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, I dTreo 2016, agus, chomh maith leis sin, i réimse straitéisí agus beartais eile atá ceadaithe ag an Rialtas.

Le linn thréimhse na Straitéise seo, beidh réimse dúshlán tábhachtach ann don chóras oideachais agus sinn ag gníomhú chun déileáil le hathruithe ginearálta sa tsochaí, le méadú sa líon daoine ag gach leibhéal den chóras agus le riachtanais an gheilleagair maidir le scileanna agus nuálaíocht agus chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar thaithí gach duine ar leithligh ar an gcóras oideachais. Tá athrú mór inmheánach ag tarlú sa Roinn faoi láthair agus sinn ag ullmhú i gcomhair feidhmeanna áirithe a aistriú go Baile Átha Luain agus go dtí an Muileann gCearr mar chuid de chlár díláraithe an Rialtais. Táimid ag cur fáilte roimh a lán comhghleacaithe nua mar chuid den phróiseas sin. De réir mar a dhéanaimid bainistíocht ar an athrú seo, ní mór dúinn aird na Roinne ar fad a dhíriú go mór ar leanúnachas gnó a bhaint amach agus ar ardchaighdeán ár seirbhíse a choimeád ar bun.

Forbraíodh an Ráiteas seo trí phróiseas forleathan comhairliúcháin a raibh an tAire, Airí Stáit, foireann na Roinne ina hiomláine, Ranna agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta Rialtais, agus comhpháirtithe eile san earnáil oideachais páirteach ann. Tá mé fíorbhuíoch de gach duine lena mbaineann as a n-ionchur an-luachmhar. Beidh an meon comhpháirtíochta sin fíorthábhachtach anois le linn an méid atá leagtha amach againn a bhaint amach. Tá cuid mhór dúshlán éagsúla ann. Ní bheimid in an ár spriocanna a bhaint amach ach amháin trí thacaíocht, trí sholúbthacht agus trí obair dhian gach duine lena mbaineann.

Brigid McManus
Ard-Rúnaí

Caibidil 1

Ár Misean agus ár spriocanna

1. ÁR MISEAN AGUS ÁR SPRIOCANNA

Is é misean na Roinne Oideachais agus Eolaíochta oideachas ardchaighdeáin a sholáthar:

- A chuirfidh ar chumas daoine a lán-acmhainneacht a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach go hiomlán mar bhaill den tsochaí, agus
- A chuideoidh le forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na héireann.

Le linn ár misean a shaothrú, tá na spriocanna ardleibhéil seo a leanas ag an Roinn:

1. Tacaíocht a thabhairt, agus feabhsú a dhéanamh, maidir le caighdeán, ábharthacht agus uilechuimsitheacht an oideachais do gach foghlaimeoir inár gcuid scoileanna1.

2. Feabhas a chur ar dheiseanna i ndáil le breisoideachas agus seirbhísí óige.

3. Ardoideachas agus taighde a chothú agus a neartú.

4. Tacaíocht a thabhairt maidir le soláthar agus forbairt an oideachais trí cheapadh polasaí, trí phleanáil ardchaighdeáin agus trí ard-fhócas ar chustaiméirí.

Chun tacú leis na spriocanna ardleibhéil sin, tá an Roinn ag gabháil do réimse leathan gníomhaíochtaí ag gach leibhéal den chóras oideachais, lena n-áirítear:

- comhairle ardchaighdeáin maidir le polasaí a thabhairt don Aire agus don Rialtas agus már áis don Oireachtas le linn cinntí a dhéanamh agus ar mhailte le cuntasaíocht;
- taighde, athbhreithniú, measúnú agus forbairt a dhéanamh i dtaca le polasaí a bhaineann le gach réimse den oideachas;
- oideachas ardchaighdeáin a chinntiú trí ról na Cigireachta ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal agus trí chomhpháirtíocht le húdaráis fhreagracha i réimse an ardoideachais agus an bhreisoideachais agus in earnáil na hÓige;
- réimse leathan feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le nithe a bhaineann le hoibríocht, le hacmhainní agus le tacaíocht, is é sin le rá, feidhmeanna a ghabhann le maoiniú na hearnála, tuarastail a íoc le foireann mhúinteoireachta agus le foireann neamh-mhúinteoireachta agus deontais a íoc le scoileanna agus le comhlachtaí eile oideachais, acmhainní múinteoireachta agus tacaíocht eile a leithroinnt, seirbhísí síceolaíochta agus iompair scoile a sholáthar, agus réimse feidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le cúrsaí pearsanra agus caidreamh foirne;
- bonneagar oideachais a phleanáil agus a sholáthar chun tacú le hoideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil ag gach leibhéal;

[1] Áit a n-úsáidtear an téarma 'scoileanna' i gcomhthéacs ginearálta ar fud an fhoilseacháin seo, tá sé i gceist go mbeadh sé uileghabhálach, ag cuimsiú bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus lárionaid oideachais mar a thagraítear dóibh san Acht Oideachais, 1998.

- feabhas a chur ar an oideachas trí chomhoibriú ar bhonn Thuaidh-Theas agus trí pháirteachas gníomhach i ngníomhaíochtaí eagsúla AE agus trí chomhoibriú le roinnt gníomhaireachtaí idirnáisiúnta eile.

Cuspóir an Ráitis Straitéise Seo

Sa Ráiteas Straitéise seo, leagtar amach príomhchuspóirí agus straitéisí gaolmhara na Roinne don tréimhse 2008 - 2010. Ullmhaíodh é i gcomhthéacs thosaíochtaí beartais an Rialtais. Tríd an Straitéis, soláthraítear creat ar laistigh de is féidir leis an Roinn pleanna gnó cuí a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Úsáidtear na pleananna gnó mar bhonn le haghaidh na gclár oibre ar leithligh do dhaoine den fhoireann ina gcuid próifílí bliantúla poist.

Le linn an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú, iarradh ar réimse leathan páirtithe leasmhara aighneachtaí a thabhairt don Roinn maidir leis na promh-shaincheisteanna nach mór déileáil leo thar an tréimhse lena mbaineann. Chuathas i gcomhairle freisin le hAire, le hAirí Stáit, le luch bainistíochta agus le foireann na Roinne.

Caibidil 2

An Timpeallacht ina noibrímid

2. AN TIMPEALLACHT INA nOIBRÍMID

Tá clú maith idirnáisiúnta ar chóras oideachais na hÉireann mar gheall ar chaighdeán sármhaith agus ar obair shármhaith na mílte duine de na foirne múinteoireachta, de na foirne acadúla agus d'fhoirne eile le fada an lá. Bhí ardmheas i gcónaí ag sochaí na hÉireann an tábhacht a ghabhann le hoideachas i gcomhair forbartha pearsanta agus i gcomhair deiseanna a chur ar fáil do dhaoine. Tá tábhacht an oideachais ag méadú fós i dtaca le beartas eacnamaíochta agus sóisialta an Rialtais. Mar shampla, tá ról mór ag deiseanna oideachais i ndáil le déileáil le cuid mhór de na bunchúiseanna le bochtaine, le míbhuntáiste agus le coireacht. Trí thionchar an oideachais ar shaol daoine, is cabhair é an t-oideachas maidir le cruthú ár gcuid luachanna mar shochaí, maidir le dea-shaoránacht a chur chun cinn agus maidir lenár gcultúr a shaibhriú. Sa lá atá inniu ann, tá poist, infheistíocht agus neart gheilleagar na hÉireann ag brath ar chaighdeán ár bhfórsa saothair agus ar ár gcumas i ndáil le taighde agus nuálaíocht.

Tá óiriúnú á dhéanamh ar ar gcóras oideachais agus tá freastal á dhéanamh ar riachtanais na sochaí agus an gheilleagair ar riachtanais iad atá níos leithne ná mar a bhí riamh. Is léir sin sa chlár an-substaintiúil athraithe curaclaim ag an leibhéal bunoideachais agus ag an leibhéal iar-bhunoideachais, i bhforbairt deiseanna nua foghlama lasmuigh den chóras traidisiúnta iar-bhunoideachais, i leathnú an tríú leibhéal, i bhfás ceathrú leibhéal nua agus deiseanna nua d'aosaigh, agus sa bhreisoideachas.

Táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú, le linn na ndeich mbliana atá romhainn, ar an líon daoine atá páirteach i ngach leibhéal oideachais agus go mbeidh an méadú sin i gcomhréir leis an bhfás ar an daonra agus i gcomhréir leis an éileamh. Tar éis laghdú sealadach a bheith ann i dtaca le breitheanna i mblianta na 1980-idí agus i mblianta tosaigh na 1990-idí, tá méadú tagtha ar líon na ndaltaí atá ag freastal ar bhunscoileanna ón mbliain 2000 i leith. Cheana féin, ón mbliain 2006 i leith, is léir go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaltaí i scoileanna dara leibhéal agus, ag an tríú leibhéal, tá méadú ag teacht ar líon na mac léinn mar gheall ar mhéadú ar líon na ndeiseanna do mhic léinn 'aibí' agus mar gheall ar líon níos mó mac léinn de chuid lucht fágála scoile a bheith ag dul isteach san earnáil bhreisoideachais agus san earnáil ardoideachais. Tá impleachtaí éagsúla ag gabháil leis an bhfás tuartha ar na líonta ag gach leibhéal, lena n-áirítear brú níos mó ar chóiríocht scoile, éilimh chaipitil san ardoideachais, tuilleadh fáis ar an éileamh ar sholáthar tacaíochtaí i gcomhair oideachais le haghaidh riachtanas speisialta, agus brú breise ar an soláthar múinteoirí.

Chomh maith leis an líon méadaitheach foghlaimeoirí, tá athruithe níos forleithne i sochaí na hÉireann ann mar chúlra do na dúshláin atá le sárú ag ár gcóras oideachais le linn thréimhse na Straitéise seo. Laistigh de thréimhse ama measartha gairid, tá Éire tar éis teacht chun bheith ina sochaí shaibhir ilchineálach ina bhfuil meascán teangacha, cultúr agus mianta le fáil. Tá an córas oideachais chun tosaigh in iarrachtaí an Rialtais chun daoine atá tar éis teacht go hÉirinn le déanaí a lánpháirtiú isteach i sochaí na hÉireann. Amach anseo, ní féidir a bheith ag brath a thuilleadh ar pháirteachas na bpríomheaglaisí i soláthar agus i mbainistiú scoileanna. Mar gheall ar athruithe gasta déimeagrafaíochta agus ar fhorbairtí eacnamaíochta, tá fás an-mhear tagtha ar bhailte i gcriosanna coimitéarachta agus i limistéir nua uirbeacha. Cuireann na forbairtí sin brú ar chumas an chórais maidir le pleanáil agus maidir le soláthar a dhéanamh go tráthúil i ndáil le riachtanais oideachais atá ag teacht chun cinn.

Ina theannta sin, bíonn tionchar ag athruithe eile sa tsochaí i gcoitinne ar an timpeallacht oideachais. Mar shampla, d'fhéadfadh sé tarlú go rachadh stíleanna athraitheacha maireachtála, cultúr óige athraitheach agus tionchair athraitheacha i gcion ar iompar mac léinn sa seomra ranga agus go mbeadh na nithe sin ina ndúshláin i dtaca le múinteoirí do dhéanamh oiriúnú ina leith. Tá dul chun cinn teicneolaíochta agus teileachumarsáide ina gcúis le hathruithe ar ár gcur chuige i ndáil le foghlaim ar fud saoil duine agus bíonn orainn, dá mbarr, a bheith páirteach i bpobal domhanda ina bhfuil teacht ar fhaisnéis go gasta agus go héasca. Tá soláthróirí oideachais ag oibriú i dtimpeallacht rialála atá ag éirí níos casta i gcónaí. Tá tuiscint níos fearr ag foghlaimeoirí (nó ag a dtuismitheoirí) anois ar a gcearta agus ar a bhfreagrachtaí mar chomhpháirtithe san oideachas. Mar gheall ar athruithe gasta san ionad oibre táthar ag díriú níos mó ar an tábhacht a ghabhann le foghlaim ar fud saoil duine. Tá gnéithe den chóras oideachais san áireamh sna freagraí beartais maidir le saincheisteanna sóisialta ar nós na nithe seo a leanas: drugaí, sáibháilteacht bhóthair agus iarracht a dhéanamh stop a chur le féinmharú.

Le linn féachaint le déileáil leis na dúshláin chasta sin agus le gealltanais atá sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, I dTreo 2016, a chomhlíonadh, beidh an Roinn ag brath ar idirghníomhaíocht ardchaighdeáin leis na comhpháirtithe go léir i réimse an oideachais. Leanann an chomhpháirtíocht sin de bheith ina bua uathúil de chuid ár gcórais oideachais. Chun feidhmíocht níos fearr ar fud an chórais a bhaint amach i dtéarmaí beart oibiachtúil ar nós torthaí oideachais sa daonra ina iomláine nó thorthaí shuirbhéanna PISA de chuid an OECD, tá gá le hiarrachtaí comhoibríocha agus comhthoil i ndáil leis na tosaíochtaí i gcomhair athraithe. Cé go bhféadfaí a cheapadh gur cúis í le moill i dtaca le dul chun cinn, soláthraíonn an cur chuige comhpháirtíochta sásra chun athrú agus feabhsú marthanach a bhaint amach maidir le soláthar seirbhísí oideachais. Is é atá sa straitéis atá againn ná comhairle a ghlacadh leis na comhpháirtithe go gníomhach lena chinntiú go mbeidh caidreamh éifeachtach agus torthaí dearfacha ann do gach duine atá bainteach leis an gcóras oideachais.

Bíonn an leibhéal maoinithe atá ar fáil i gcomhair infheistíochta agus i gcomhair seirbhísí a sholáthar ag brath ar leibhéal feidhmíochta gheilleagar na hÉireann. Agus, ina theannta sin, tá tionchar fadtéarmach eacnamaíochta na hinfheistíochta san oideachas thar a bheith dearfach agus riachtanach i ndáil le hiomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann a choimeád ar bun agus a fheabhsú. Tá an Clár Rialtais agus an Plean Náisiúnta Forbartha 2007 - 2013 ina dtáscairí ar thiomantas an Rialtais maidir le hinfheistíocht a dhéanamh san oideachas. Beidh méid an dul chun cinn maidir le déanamh de reir na straitéisí atá luaite sa doiciméad seo ag brath ar an leibhéal acmhainní a bheidh ar fáil don Roinn le linn na tréimhse lena mbaineann.

Caibidil 3

Ag tacú le pobail scoile

Sprioc 1
Tacaíocht a thabhairt, agus feabhsú a dhéanamh, maidir le caighdeán, ábharthacht agus uilechuimsitheacht an oideachais do gach foghlaimeoir inár gcuid scoileanna.

3. AG TACÚ LE POBAIL SCOILE

Comhthéacs Beartais

I gcás an duine aonair, bíonn tionchar forleathan ag torthaí luatha oideachais ar chuid mhór gnéithe den saol, mar shampla forbairt phearsanta, páirteachas sa tsochaí shibhialta agus leas eacnamaíochta. I dtaca leis an tsochaí de, tá an t-oideachas ina acmhainn an-luachmhar le linn iarrachtaí a dhéanamh déileáil leis na cúiseanna le heisiamh sóisialta, agus maolú a dhéanamh ar eisiamh sóisialta, agus le linn iarrachtaí a dhéanamh dea-shaoránacht a chur chun cinn, cultúr a shaibhriú agus tacú le forbairt eacnamaíochta.

In I dTreo 2016, sda Phlean Náisiúnta Forbartha agus sa Chlár Rialtais, leagtar amach réimse beart chun tacú le pobail scoile. Tá clár leantach athchóirithe curaclaim ar siúl cheana féin. Go háirithe, le linn thréimhse an ráitis straitéise seo, déanfar dul chun cinn mór maidir le hathchóiriú na bpríomhábhar, mar atá Matamaitic agus Eolaíocht. Déanfar an dul chun cinn maidir leis na curaclaim sin i gcomhthráth le hoideachas tosaigh múinteoirí agus i gcomhthrath le cúrsaí inseirbhíse atá ann mar thacaíocht do mhúinteoirí.

Is é atá sna tosaíochtaí i gcomhair bunoideachais agus iar-bhunoideachais sna blianta atá díreach romhainn ná ardchaighdeáin, ábharthacht agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn trí thacú le scoileanna forbairt a dhéanamh thimpeallacht uilechuimsitheach do gach foghlaimeoir, trí aird a thabhairt ar idirghabháil atá dírithe ar déileáil le míbhuntáiste oideachais, ar thorthaí oideachais a ardú, trí fhreastal ar riachtanais foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta, trí thacaíocht a sholáthar do leanaí daoine atá díreach tar eis teacht go hÉirinn, tríd an gclár oibre nuachóirithe a chur chun cinn, trí oideachas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil a fheabhsú, trí fhorbairt leanúnach curaclaim, measúnú scoileanna agus feabhsú caighdeán a chur chun cinn, agus trí chóiríocht ardchaighdeáin scoile, riarachán ardchaighdeáin agus tacaíochtaí airgeadais a sholáthar.

SPRIOC 1
Tacaíocht a thabhairt, agus feabhsú a dhéanamh, maidir le caighdeán, ábharthacht agus uilechuimsitheacht an oideachais do gach foghlaimeoir inár gcuid scoileanna.

CUSPÓIRÍ

- Tionscnaimh agus freagraí oiriúnacha beartais a fhorbairt mar thaca i ndáil le bainistiú agus oibriú éifeachtach scoileanna lena n-áirítear réimse tacaíochtaí airgeadais, foirne agus riaracháin a sholáthar.
- Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn.
- Acmhainní saindírithe a sholáthar chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn inár gcuid scoileanna.

- Cóiríocht chuí agus saoráidí cuí a sholáthar d'fhonn oideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil.
- Réimse acmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta.
- Acmhainní agus tacaíochtaí saindírithe a sholáthar do leanaí daoine atá díreach tar éis teacht go hÉirinn.
- Tacú le forbairt agus soláthar oideachais luathóige ardchaighdeáin.

TORTHAÍ

- Tá tábhacht ag caighdeán an tsoláthair oideachais agus ag caighdeán tacaíochtaí breise i ndáil le forbairt phearsanta, shóisialta agus oideachais foghlaimeoirí i suíomh scoile.
- Tagann curaclaim ina gcothabháiltear ábharthacht i dtaca le riachtanais athraitheacha faoi réir a n-athbhreithnithe go leanúnach agus bíonn siad bunaithe ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta.
- Socruithe measúnachta i bhfeidhm atá i gcomhréir le cuspóirí foghlama.
- Timpeallacht uilechuimsitheach idirchultúrtha arna forbairt i scoileanna.
- Feabhsúcháin scoile mar thoradh ar fhéinmheasúnú agus ar fhorbairt éifeachtach scoileanna agus mar thoradh ar fheidhmíocht níos fearr ag múinteoirí.
- Forbairt leanúnach ar chreat éifeachtach beartais agus riaracháin i gcomhair oideachas ardchaighdeáin a sholáthar i ngach scoil.
- ICT a chomhtháthú tuilleadh i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim.
- Saoráidí nua feabhsaithe i scoileanna chun tacú le hoideachas ardchaighdeáin a sholáthar.

Cuspóir 1.1

Tionscnaimh agus freagraí oiriúnacha beartais a fhorbairt mar thaca i ndáil le bainistiú agus oibriú éifeachtach scoileanna ó lá go lá lena n-áirítear réimse tacaíochtaí airgeadais, foirne agus riaracháin a sholáthar..

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Acmhainní (idir acmhainní foirne agus acmhainní airgeadais) a leithroinnt chuig scoileanna agus chuig Coistí Gairmoideachais (VEC-anna) ar mhodh atá cothromasach, trédhearcach agus éifeachtach.	• Na leithroinntí go léir a chur in iúl agus na tacaíochtaí airgeadais a íoc laistigh de na hamscálaí riachtanacha. • Próisis chuí achomhairc a oibriú.
Tacaíocht a thabhairt maidir le rialachas, bainistíocht agus oibriú éifeachtach scoileanna.	• Beartais, rialacháin, ciorcláin agus treoirlínte arna n-ullmhú i gcomhairle le comhpháirtithe oideachais agus arna scaipeadh ar scoileanna. • Tacaíochtaí i bhfeidhm le haghaidh comhlachtaí bainistíochta agus tuismitheoirí.
Seirbhísí pá-rolla, pearsanra agus pinsean, ar seirbhísí cuimsitheacha, éifeachtacha, éifeachtúla agus ardchaighdeáin iad, a sholáthar don fhoireann lánaimseartha múinteoireachta agus don fhoireann pháirtaimseartha múinteoireachta agus do mhúinteoirí atá ar scor.	• Íocaíochtaí tuarastail agus pinsin le múinteoirí atá ag fónamh agus le múinteoirí atá ar scor agus leis an bhfoireann neamhmhúinteoireachta a bheith íoctha trí sheirbhís phá-rolla na Roinne ar bhonn coicíse. • Scéimeanna reachtúla a uasdátú agus scéimeanna nua a thabhairt isteach do mhúinteoirí páirtaimseartha agus do mhúinteoirí neamhcháilithe, agus do dhaoine d'fhoireann fhoghabhálach scoile. • Athbhreithniú ar an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a sheoladh agus a fhoilsiú. • Feidhm achomhairc a chomhlíonadh i leith cinntí ag comhlachtaí áirithe maidir le pinsin.
Seirbhís iompair scoile a sholáthar trí Bhus Éireann	• Seirbhís shábháilte éifeachtúil iompair scoile á hoibriú ag Bus Éireann laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. • Athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim iompair scoile lena n-áirítear limistéir abhantrachta de réir mar a fhoráiltear sa Chlár Rialtais. • Córas achomhairc a oibriú le haghaidh mac léinn/tuismitheoirí i ndáil le hiompar scoile.

Cuspóir 1.2

Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
I gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA), curaclaim agus siollabais a sholáthar atá oiriúnach do riachtanais foghlaimeoirí ag an gcéad leibhéal agus ag an dara leibhéal	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don NCCA. • Siollabais athbhreithnithe a chur i ngníomh de réir a chéile ag an dara leibhéal. • Tacaíocht a thabhairt maidir le tástáil caighdeánaithe a chur i ngníomh i mbunscoileanna agus torthaí a chur in iúl do thuismitheoirí.
Tacaíocht a thabhairt do Choimisiún na Scrúduithe Stáit (SEC) maidir le Scrúduithe Stáit a sholáthar atá oibiachtúil agus trédhearcach.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don SEC. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le socruithe measúnachta a sholáthar.
Tacú leis an Ionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas (NCGE) maidir le hacmhainní, oiliúint agus tacaíochtaí a sholáthar i ndáil le treoir do chomhairleoirí i scoileanna.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don NCGE. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le seirbhísí treorach a sholáthar.
Tacú leis an gComhairle Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta (COGG) naidir le comhairle, taighde, acmhainní agus téacsanna Gaeilge agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar i ndáil le múineadh na Gaeilge agus múineadh trí Ghaeilge.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don COGG. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le forbairt churaclam na Gaeilge.
Tacú le hobair na Comhairle Múinteoireachta maidir le múinteoireacht a chur chun cinn mar ghairm agus maidir le caighdeán na múinteoireachta a chothabháil agus a fheabhsú.	• Tacaíocht airgeadais a sholáthar go dtí go dtagann an Chomhairle chun bheith féinmhaoinithe sa bhliain 2008. • Tacaíochtaí riaracháin a sholáthar don Chomhairle. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le hoideachas múinteoirí i gcomhthéacs fhorbairt ról na Comhairle Múinteoireachta.

Cuspóir 1.2

Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Feabhsú Scoileanna agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach Príomhoidí agus Múinteoirí a chur chun cinn agus tacú le Príomhoidí agus le Múinteoirí ina gcuid oibre.	• Tús a chur le clár athchóirithe struchtúraigh clár oiliúna inseirbhíse agus an clár sin a fhorbairt. • Réimse clár ionduchtaithe agus clár inseirbhíse oideachais múinteoirí agus forbartha ceannaireachta inseirbhíse trí na Cláir Oideachais Múinteoirí, trí Ionaid Múinteoirí agus trí Sheirbhísí Tacaíochta do mhúinteoirí ag an Leibhéal Bunoideachais & ag an Leibhéal Iar-Bhunoideachais. • Seirbhís sláinte ceirde a sholáthar do mhúinteoirí. • Nósanna imeachta nua a bheith ann chun déileáil le tearcfheidhmíocht.
Clár measúnuithe seachtracha scoileanna a oibriú.	• Measúnuithe a bheith déanta i scoileanna lena n-áirítear Measúnuithe Scoileanna ina nlomláine, Cigireachtaí Ábhar, measúnuithe téamacha agus cigireacht múinteoirí ar leithligh mar aon le gníomhartha iarmhartacha cuí.
Tuairisciú maidir le comhlíonadh forálacha reachtaíochta agus rialachán Roinne ag scoileanna.	• Moltaí i dtuarascálacha measúnaithe a bhaineann le comhlíonadh a bheith ina gcúis le hathruithe ar chleachtais i scoileanna.
Measúnú a dhéanamh ar chaighdeán an fhéinmheasúnaithe i scoileanna agus feabhsú scoileanna a chothú.	• Measúnú ar an úsáid a bhaineann scoileanna as na treoirlínte féinmheasúnaithe dar teideal Ag Breathnú ar Scoil Againne. • Moltaí sonracha i dtuarascálacha measúnaithe scoileanna a bhaineann le ceannaireacht scoile, le pleanáil scoileanna agus le hathbhreithniú scoileanna.
Tuarascálacha cigireachta ar scoileanna agus ar ghnéithe den soláthar oideachais sa chóras oideachais a fhoilsiú.	• Tuarascálacha arna bhfoilsiú ina gcuirtear moltaí i láthair maidir le scoileanna, mar aon le comhairle bheartais atá bunaithe ag fhianaise ar comhairle í a bhaineann leis na caighdeáin atá ann i ndáil le ceannaireacht, bainistíocht, múinteoireacht, foghlaim, riachtanais speisialta oideachais agus gnéithe eile de sholáthar oideachais.

Cuspóir 1.2

Caighdeán na múinteoireachta agus na foghlama a chur chun cinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tuilleadh forbartha a chur chun cinn maidir le hinscniú a chur san áireamh san oideachas i gcoitinne.	• Treoirlínte maidir le hinscniú san oideachas i gcoitinne a sholáthar do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal.
Leanúint de bheith ag soláthar agus ag forbairt na seirbhíse síceolaíochta a chuireann an tSeirbhís Náisiúnta Oideachais Síceolaíochta (NEPS) ar fáil.	• Measúnachtaí agus comhairliúcháin i ndáil le daltaí sonracha. • Tacaíocht agus comhairle d'fhoireann scoileanna i ndáil le daltaí agus i ndáil le saincheisteanna oideachais. • Leanúnachas measúnachta agus idirghabháil a chur chun cinn. • Tacaíocht chriticiúil a sholáthar do scoileanna maidir le teagmhais.
Straitéis nua ICT do Scoileanna a fhoilsiú.	• Straitéis nua arna fhoilsiú. • Tacaíochtaí airgeadais a sholáthar do scoileanna chun a mbonneagar ICT a fhorbairt laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.
I gcomhar leis an Ionad Náisiúnta do Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE), ICT a chomhtháthú isteach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don NCTE. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le húsáid ICT i scoileanna. • Gréasáin Náisiúnta Leathanbhanda na Scoileanna a chothabháil agus a fhorbairt.

Cuspóir 1.3

Acmhainní saindírithe a sholáthar chun uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn inár gcuid scoileanna.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Leanúint de phlean gníomhaíochta DEIS maidir le huilechuimsitheacht oideachais a chur i ngníomh, lena n-áirítear réimse leathan clár oideachais agus forbartha inseirbhíse do mhúinteoirí.	• Bearta a chur i ngníomh de réir mar atá leagtha amach faoi phlean gníomhaíochta DEIS do scoileanna sa Chlár Tacaíochta Scoileanna. • Cláir inseirbhíse agus forbartha arna soláthar do mhúinteoirí. • Próisis faireacháin agus measúnaithe a chur i ngníomh i ndáil le DEIS.
Tacú leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB) maidir le soláthar na seirbhísí atá leagtha amach san Acht Oideachais (Leas), 2000.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don NEWB. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le huilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn.
Feabhas a chur ar rochtain agus ar sholáthar seirbhíse oideachais do dhaoine den Lucht Siúil.	• Deireadh a chur de réir a chéile le réamhscoileanna don Lucht Siúil. • Deireadh a chur de réir a chéile leis an soláthar reatha leithscartha ag an leibhéal bunoideachais agus ag an leibhéal iar-bhunoideachais agus gach duine den Lucht Siúil a thabhairt isteach sna gnáth-bhunscoileanna agus sna gnáthscoileanna iar-bhunoideachais. • Tacaíocht bhreise foghlama a sholáthar ar bhonn riachtanais shainaitheanta oideachais seachas ar bhonn féiniúlachta lucht siúil.
Deontais leabhar a sholáthar do dhaltaí gátaracha agus scéim deontas a sholáthar le haghaidh síolchaipitil do scéimeanna chun leabhair a chur ar fáil ar cíos/ar iasacht.	• Deontais arna n-eisiúint chuig scoileanna.

Cuspóir 1.4

Cóiríocht chuí agus saoráidí cuí a sholáthar d'fhonn oideachas ardchaighdeáin a chur ar fáil.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Pleanáil agus soláthar a dhéanamh maidir le riachtanais chóiríochta atá ag teacht chun cinn mar gheall ar athruithe déimeagrafaíochta agus de réir thosaíochtaí an NDP agus leibhéal maoinithe.	• Riachtanais maidir le haiteanna breise scoile arna sainaithint agus arna gcur in ord tosaíochta. • Áiteanna scoile le soláthar trí fhoirgnimh inchothaithe a sholáthar, más féidir sin, agus béim á leagan ar bharainneacht fhuinnimh a chur chun cinn, más cuí, agus foirgnimh le fáil trí leas a bhaint as modhanna nuálacha, mar shampla tógáil eis-láithreáin, Athdhearthaí Cineálacha agus Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobhaideach.
Leanúint d'fheabhas a chur ar chóiríocht scoile tríd an gclár nuachóirithe scoileanna agus de réir thosaíochtaí an NDP agus leibhéal maoinithe.	• Saoráidí láithreacha scoile arna nuachóiriú trí úsáid a bhaint, más féidir, as scéimeanna lena ngabhann cineachadh chuig scoileanna.

Cuspóir 1.5

Réimse acmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tacú leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) maidir lena ról i ndáil le tacaíocht mhúinteoireachta agus tacaíocht chúraim bhreise a leithroinnt d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don NCSE. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le hacmhainní agus tacaíochtaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta.
Leanúint den Acht um Oideachas do Dhaoine ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais, 2004 (EPSEN) a chur i ngníomh.	• Tosach feidhme alt áirithe de chuid Acht EPSEN. • Seirbhísí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha an Achta EPSEN. • Socruithe cuí i bhfeidhm chun seirbhísí a chomhordú leis an Earnáil Sláinte.
Socruithe cuí a fhorbairt i ndáil le hionchur ón earnáil oideachais i dtaca le cur i ngníomh an Achta Míchumais 2005.	• Cur i ngníomh éifeachtach na bhforálacha den Acht Míchumais a bhaineann le measúnú riachtanas oideachais agus gnéithe oideachais de ráitis seirbhíse.
Réimse clár inseirbhíse oideachais agus forbartha múinteoirí a sholáthar.	• Maoiniú do chláir inseirbhíse agus do chlair forbartha atá dírithe ar riachtanais foghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta.
Tacaíochtaí saindírithe a sholáthar d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta.	• Deontais teicneolaíochta oiriúnaithí chun tacú le foghlaimeoirí dara leibhéal ag a bhfuil riachtanais speisialta. • Seirbhísí iompair scoile a sholáthar trí Bhus Éireann, agus deontais iompair a sholáthar, d'fhoghlaimeoirí ag a bhfuil riachtanais speisialta.

Cuspóir 1.6

Acmhainní agus tacaíochtaí saindírithe a sholáthar do leanaí daoine atá díreach tar éis teacht go hÉirinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Acmhainní saindírithe, tacaíochtaí agus cláir inseirbhíse oideachais agus forbartha múinteoirí a sholáthar.	• Múinteoirí Tacaíochta Teanga a leithroinnt chuig scoileanna ina bhfuil foghlaimeoirí nach bhfuil Béarla acu mar chéad teanga. • Tacaíocht churaclaim agus tacaíocht eile a sholáthar do scoileanna ina bhfuil foghlaimeoirí nach bhfuil Béarla acu mar chéad teanga. • Cláir inseirbhíse agus forbartha arna soláthar do gach múinteoir tacaíochta teanga. • Tacaíochta a sholáthar d'fhoirne scoileanna d'fhonn forbairt a dhéanamh ar thimpeallacht uilechuimsitheach idirchultúrtha.

Cuspóir 1.7

Tacú le forbairt agus soláthar oideachais luathóige ardchaighdeáin.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Oideachas réamhscoile saindírithe a sholáthar do leanaí as pobail bunscoile uirbí atá clúdaithe le plean gníomhaíochta DEIS.	• Seirbhís Chomhairleora Oideachais Réamhscoile arna soláthar do réamhscoileanna atá sainaitheanta mar réamhscoileanna friothálacha i gcomhair scoileanna Uirbeacha Bhanda 1 de chuid DEIS.
Straitéis Náisiúnta nua Oiliúna Cúraim Leanaí a fhorbairt.	• Straitéis Oiliúna Cúraim Leanaí arna forbairt agus plean i bhfeidhm maidir le cur i ngníomh.
Tacú le hobair an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE).	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don CECDE. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le hoideachas luathóige.

Táscairí Feidhmíochta	
Múinteoireacht agus Foghlaim	• Dul chun cinn maidir le curaclaim agus siollabais athbhreithnithe a chur i ngníomh ag an dara leibhéal. • An líon múinteoirí dár soláthraíodh forbairt chuí ghairmiúil agus aiseolas ó rannpháirtithe i gcúrsaí. • Cur i ngníomh éifeachtach éifeachtúil i ndáil le clár measúnuithe seachtracha scoileanna ar clár é atá dírithe ar mhúinteoireacht agus foghlaim ardchaighdeáin a chur chun cinn. • An líon scoileanna agus foghlaimeoirí ar chuir NEPS seirbhís ar fáil dóibh. • Múinteoirí Tacaíochta Teanga agus acmhainní eile i bhfeidhm chun tacú le leanaí daoine atá tar éis teacht go hÉirinn le déanaí. • Leathnú Seirbhíse Comhairleora Oideachais Réamhscoile chuig bunscoileanna uirbeacha Bhanda 1 de chuid DEIS
Uilechuimsitheacht Shóisialta	• Plean Gníomhaíochta DEIS a chur i ngníomh. • Torthaí an fhaireacháin agus an mheasúnaithe ar bhearta DEIS. • Deireadh a chur de réir a chéile le soláthar oideachais leithscartha do dhaoine den Lucht Siúil.
Seirbhísí Oideachais Speisialta	• Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/Acmhainní agus SNA-anna ar fáil i scoileanna. • Athbhreithnithe beartais arna gcur i gcrích.
Úsáid ICT i Scoileanna	• Saoráidí feabhsaithe ICT i scoileanna. • An líon scoileanna atá i gceanal leis an nGréasán Náisiúnta Leathanbhanda.
Cóiríocht Scoile	• An líon áiteanna scoile atá á sholáthar. • An líon tionscadal nuachóirithe atá á sholáthar i scoileanna láithreacha.

Táscairí Feidhmíochta	
Tacaíocht airgeadais agus riaracháin do phobail scoile.	• Soláthar tráthúil éifeachtach seirbhísí agus leithroinnt acmhainní airgeadais agus acmhainní daonna do scoileanna chun freastal ar éilimh láithreacha agus ar éilimh atá ag teacht chun cinn. • Beartais, rialacháin, treoracha agus treoirlínte oiriúnacha i bhfeidhm chun tacú le bainistiú agus le hoibriú éifeachtach scoileanna. • An céatadáin de dhámhachtaintí do phinsinéirí á chinneadh laistigh de 6 seachtaine ón dáta a dtéann siad ar scor (sprioc 90%). • Aiseolas ó chomhpháirtithe oideachais agus ó fhaighteoirí seirbhíse maidir le caighdeán na seirbhísí a soláthraíodh.

Caibidil 4

Breisoideachas agus seirbhísí óige

Sprioc 2
Feabhas a chur ar dheiseanna i ndáil le breisoideachas agus seirbhísí óige.

4. BREISOIDEACHAS AGUS SEIRBHÍSÍ ÓIGE

Comhthéacs Beartais

Sa Phlean Náisiúnta Forbartha, leagtar amach na tosaíochtaí maidir le forbairt seirbhísí breisoideachais agus óige le linn na tréimhse go dtí an bhliain 2013. Tá infheistíocht oideachais a théann chun tairbhe daoine óga a fhágann an scoil go luath agus infheistíocht oideachais ar mhaithe le daoine ag a bhfuil aois oibre ina tosaíocht de chuid an NDP arb é is aidhm di uilechuimsitheacht shóisialta agus cumas táirgeachta a chur chun cinn. Déanfar infheistíocht shuntasach le linn ré an Phlean chun méadú a dhéanamh an líon áiteanna atá ar fáil ar réimse clár breisoideachais. Tá ról tábhachtach ag na cláir sin i ndáil le daoine a chumasú chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim shaoil agus i ndáil le deiseanna a sholáthar chun scileanna an fhórsa saothair a uasghrádú agus chun scileanna nua a thabhairt don fhórsa saothair i gcomhréir leis na cuspóirí sa Stráitéis Náisiúnta maidir le Scileanna.

Is é atá sna tosaíochtaí maidir le breisoideachas sna blianta atá díreach romhainn ná méadú agus leathnú a dhéanamh ar pháirteachas, caighdeán an tsoláthair oideachais a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar an earnáil i reimsí ar nós áirithiú ardchaighdeáin.

Tríd an Acht um Obair Ógra, 2001, agus tríd an bPlean Náisiúnta um Fhorbairt Oibre Ógra (NYWDP), soláthraítear creat chun forbairt a dhéanamh ar obair ógra in Éirinn. Tugtar tacaíocht sa Phlean Náisiúnta Forbartha maidir le forbairt a dhéanamh ar an earnáil oibre ógra faoi Fhochlár Earnáil na hÓige don tréimhse 2007-2013. Mar gheall ar mhaoiniú faoin NDP, beidh roinnt tionscnamh ann in earnáil na hoibre ógra agus déanfar forálacha an Achta um Obair Ógra a fhorbairt tuilleadh.

I measc na dtosaíochtaí don earnáil oibre ógra airítear forbairt leanúnach an Achta um Obair Ógra, 2001, agus an NYWDP de réir mar is cuí, ar bhonn céimnithe agus ar bhonn tosaíochtaí laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, agus, i gcomhar leis an earnáil Oibre Ógra, forbairt agus cur i ngníomh Creata Ardchaighdeán don earnáil sin.

SPRIOC 2
Feabhas a chur ar dheiseanna i ndáil le breisoideachas agus seirbhísí óige

CUSPÓIRÍ

- Caighdeán an tsoláthair oideachais a chur chun cinn.
- Rochtain ar bhreisoideachas agus páirteachas ann a chur chun cinn.
- Tacú le forbairt seirbhísí oibre ógra.

TORTHAÍ

- Deiseanna Breisoideachais Ardchaighdeáin a sholáthar ar deiseanna iad trína ndéanfar:
  - foghlaimeoirí a chumasú chun rochtain a fháil ar fhostaíocht nó ar staidéir bhreise, chun aistriú chuig fostaíocht nó staidéir bhreise, chun creidiúnú a fháil agus chun dul ar aghaidh chuig fostaíocht nó chuig staidéir bhreise.
  - deis a sholáthar d'fhoghlaimeoirí chun an t-eolas, na scileanna, an mhuinín agus an inniúlacht a fháil le gur féidir leo páirt níos mó a ghlacadh sa tsochaí agus sa gheilleagar.
  - tuilleadh feabhais a chur ar rochtain ar dheiseanna Foghlama Saoil do gach uile dhuine.
- Seirbhísí oibre ógra ardchaighdeáin a sholáthar ar seirbhísí iad trína gcuirfear le forbairt phearsanta agus le forbairt shóisialta daoine óga trí oideachas neamhfhoirmiúil.

Cuspóir 2.1

Caighdeán an tsoláthair oideachais a chur chun cinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Beartais a athbhrteithniú agus a fhorbairt chun tacú le soláthar breisoideachais ardchaighdeáin.	• Beartais arna n-athbhreithniú agus arna bhforbairt i réimsí tábhachtacha lena n-áirítear litearthacht agus míchumas. • Beartas maidir le tacaíocht Bhéarla a sholáthar d'inimircigh.
Tacú le soláthróirí chun caighdeán an tsoláthair a fheabhsú go leanúnach.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar laistigh de na hamscálaí atá leagtha síos.

Cuspóir 2.2

Rochtain ar bhreisoideachas agus páirteachas ann a chur chun cinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tacú le soláthróirí maidir le forbairt agus soláthar sraith clár Breisoideachais chun freastal ar riachtanais daoine a fhágann an scoil go luath agus ar riachtanais aosach a dteastaíonn dara seans ar oideachas uathu.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar laistigh de na hamscálaí atá leagtha síos.
Tacú le hobair an NCGE maidir le seirbhísí treorach oideachais aosach.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don NCGE. • Forbairt leanúnach ar an gcreat foriomlán beartais i ndáil le seirbhísí treorach a sholáthar.
Tacú le foghlaimeoirí a bhfuil páirt á glacadh acu i gcláir bhreisoideachais.	• Tacaíocht airgeadais a sholáthar chun socrú a dhéanamh maidir le híoc liúntas agus cúram leanaí a sholáthar do rannpháirtithe ar chúrsaí breisoideachais.

Cuspóir 2.3

Tacú le forbairt seirbhísí oibre ógra.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Beartais a athbhrteithniú agus a fhorbairt chun tacú le seirbhís ardchaighdeáin oibre ógra.	• Beartais arna n-athbhreithniú agus arna bhforbairt i réimsí tábhachtacha lena n-áirítear cur i ngníomh an Achta um Obair Ógra, 2001, agus an Phlean Náisiúnta um Fhorbairt Oibre Ógra ar bhonn céimnithe agus ar bhonn tosaíochtaí laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. • Creat Ardchaighdeán don earnáil oibre ógra a thionscnamh ar bhonn píolóta agus a fhorbairt. • Páirteachas gníomhach i bhforbairt bheartas an AE i ndáil le hobair ógra.
Tacú le heagraíochtaí oibre ógra chun soláthar ardchaighdeáin oibre ógra a chur ar fáil.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar.

Táscairí Feidhmíochta	
Caighdeán	• An líon cúrsaí breisoideachais arna chreidiúnú ag FETAC. • Beartais chuí arna bhforbairt agus arna gcur i ngníomh. • Creat Ardchaighdeán a chur i ngníomh in earnáil na hoibre ógra .

Páirteachas	• Rátaí páirteachais le haghaidh cúrsaí breisoideachais – Tionscnamh Filleadh ar an Oideachas, Scéim Dheiseanna Gairmoiliúna, Teagmháil na nÓg, cúrsaí iar-Ardteistméireachta, cúrsaí litearthachta aosach agus soláthar Béarla.
	• Rátaí páirteachais le haghaidh aosach de chuid an Lucht Siúil i gcláir aosach agus i gcláir bhreisoideachais lena n-áirítear páirteachas i dtionscnaimh filleadh ar an oideachas.
	• Rátaí críochnaithe agus deimhnithe le haghaidh cúrsaí breisoideachais.
	• An líon foghlaimeoirí a fhaigheann seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear treoir, cúram leanaí agus liúntais.
	• Rátaí páirteachais:
	  • sa Scéim Dheontais Seirbhíse Óige,
	  • i Scéim na dTionscadal Speisialta don Óige (SPY),
	  • i gCiste Saoráidí agus Seirbhísí Daoine Óga.
	• Rátaí páirteachais i gcláir chuí oideachais agus oiliúna do dhaoine óga a d'fhág an scoil go luath chun dul i mbun fostaíochta.

Caibidil 5

Ardoideachas agus taighde

Sprioc 3
Ardoideachas agus taighde a chothú agus a neartú.

5. ARDOIDEACHAS AGUS TAIGHDE

Comhthéacs Beartais

Níor tharla sé riamh go raibh ionad chomh lárnach sin ag cumas agus caighdeán ár gcórais ardoideachais i bhforbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann. Tá ról an-tábhachtach ag an ardoideachas i dtaca le forbairt daoine aonair mar smaointeoirí neamhspleácha cruthaitheacha agus i dtaca lenár dtuiscint agus lenár meas ar an domhan thart orainn a dhoimhniú agus a shaibhriú. Tá sé lárnach freisin i dtaca le forbairt eacnamaíochta na hÉireann a thabhairt ar aghaidh san aois fhaisnéise seo ina bhfuil nuálaíocht, cruthaitheacht agus scileanna fórsa saothair mar phríomhfhoinse dúinn i gcomhair buntáiste iomaíochais amach anseo.

Is é atá sna tosaíochtaí don earnáil seo sna blianta atá díreach romhainn ná leathnú agus méadú a dhéanamh ar pháirteachas, soláthar clár a athchóiriú agus a nuachóiriú agus scothchaighdeán domhanda a bhaint amach ag gach leibhéal ó oideachas fochéimí go dtí ardtaighde ceathrú leibhéal. Tá mórphróiseas athchóirithe agus nuachóirithe ar siúl ar fud na hearnála chun tacú le hinstitiúidí ardoideachais maidir le sárú na ndúshlán atá ann.

I Straitéis Náisiúnta an Rialtais maidir le Scileanna (2007), sainaithníodh riachtanais an-suntasach i dtaca le scileanna feabhsaithe i ngeilleagar na hÉireann sa tréimhse go dtí an bhliain 2020. I Straitéis an Rialtais maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht 2006 (SSTI), leagtar amach spriocanna uaillmhianacha maidir le scothchóras domhanda a fhorbairt i gcomhair taighde agus nuálaíochta in Éirinn, lena n-áirítear dúblú líon na gcéimithe PhD faoin mbliain 2013. Is é si aidhm dó sin ná dúshraith a sholáthar i gcomhair fhorfhás agus rathúnas na hÉireann amach anseo.

Beidh baint amach na straitéisí sin ag brath ar chumas agus ar chaighdeán ár gcórais ardoideachais.

SPRIOC 3
Ardoideachas agus taighde a chothú agus a neartú.

CUSPÓIRÍ

- Feabhas a chur ar chaighdeán an ardoideachais agus ar a chumas chun déileáil le riachtanais athraitheacha.
- Méadú suntasach a dhéanamh ar líon na PhD-anna agus ar ghníomhaíocht taighde.
- Rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, go háirithe i gcomhair grúpaí gannionadaíochta agus deiseanna solúbtha foghlama a sholáthar.

TORTHAÍ

- Forbairt institiúidí ardoideachais i gcomhréir leis an straitéis náisiúnta.
- Páirteachas méadaithe san ardoideachas ag mic léinn ó chúlraí míbhuntáistiúla, ag mic léinn aibí agus ag mic léinn faoi mhíchumas.
- Pairteachas méadaithe i staidéar pairtaimseartha ag grúpaí saindírithe.
- Dul chun cinn leanúnach maidir le deireadh a chur le heasnaimh bhonneagair san earnáil ardoideachais agus, ag an am céanna, déileáil leis na dúshláin a ghabhann le rátaí méadaitheacha páirteachais.
- Fórsa saothair dóthanach oilte chun déileáil leis an éileamh.
- Cumas agus ábaltacht lárnach a sholáthar san earnáil ardoideachais chun go mbeidh scoth-thaighde domhanda ar siúl, chun tacú le nuálaíocht agus chun déileáil le riachtanais na sochaí agus an gheilleagair i gcoitinne.

Cuspóir 3.1

Feabhas a chur ar chaighdeán an ardoideachais agus ar a chumas chun déileáil le riachtanais athraitheacha.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Oibriú leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) chun tacaíocht éifeachtach beartais, maoirseacht agus ceannaireacht a sholáthar don earnáil ardoideachais le linn freastal ar riachtanais an fhoghlaimeora.	• I gcomhar leis an HEA, tacú leis an bpróiseas Áirithithe Caighdeán ag an leibhéal institiúideach. • Tograí a fhorbairt maidir le córas saortháillí ar bhonn tástála acmhainní do chúrsaí ceadaithe páirtaimseartha ag an tríú leibhéal. • Cur i ngníomh leanúnach athchóiriú phróiseas Bologna san earnáil. • Idirchaidreamh le Ranna eile Rialtais chun ábharthacht an bheartais ardoideachais i leith an riachtanais shóisialta agus eacnamaíochta i gcoitinne a chothabháil.
Tacú le hoibriú leanúnach Institiúidí Ardoideachais, i ndlúthchomhar leis an HEA i gcás institiúidí ainmnithe, agus trí sholáthar díreach d'institiúidí eile.	• Soláthar tráthúil acmhainní.
Straitéis náisiúnta don ardoideachas a fhorbairt mar threoir i gcomhair an earnáil a fhorbairt amach anseo.	• Comhairle a ghlacadh le páirtithe leasmhara agus comhaontú ar chuspóirí na straitéise.

Cuspóir 3.1

Feabhas a chur ar chaighdeán an ardoideachais agus ar a chumas chun déileáil le riachtanais athraitheacha.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Leanúint de chlár infheistíochta i mbonneagar an ardoideachais i gcoitinne.	• Réimse tionscadal tosaíochta a sholáthar chun saoráidí nua-aimseartha a oireann dá gcuspóir a chur ar fáil. • Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar do Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.
Tacú le comhoibriú, nuálaíocht agus athrú in institiúidí ardoideachais.	• Cur i ngníomh leanúnach an Chiste Nuálaíochta Straitéisí (SIF) • Tionscadail a sholáthar faoi SIF i gcomhair nuálaíochtaí múinteoireachta agus foghlama, athraithe struchtúraigh inmheanaigh agus feabhsuithe caighdeán ar fud an chórais. • Múnla athbhreithnithe an Údaráis um Ard-Oideachas a chur i ngníomh chun institiúidí ardoideachais a mhaoiniú.
Tacú le cur i ngníomh na Straiteise Naisiúnta Scileanna agus freastal ar riachtanais scileanna earnálacha sainaitheanta amach anseo.	• Moltaí an tSainghrúpa ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo agus tuarascálacha earnálacha eile a chur i ngníomh. • Áiteanna breise a sholáthar i gcomhreir le spriocanna. • Oibriú le Ranna eile Rialtais, le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí oiliúna maidir le pleanáil a dhéanamh i gcomhair oiliúint, agus maidir le hoiliúint a sholathar, de réir riachtanas sainaitheanta scileanna.
Athchóiriú agus leathnú a dhéanamh ar oideachas agus ar oiliúint leighis.	• Moltaí Fottrell a chur i ngníomh, lena n-áirítear méadú áiteanna, tabhairt isteach cláir nua iontrála do chéimithe agus nósanna imeachta athchóirithe i gcomhair leighis fochéimí. • Líon dóthanach múinteoirí oilte nua-cháilithe a sholáthar trí na Coláistí Oideachais agus trí sholathróirí inniúla eile.

Cuspóir 3.1

Feabhas a chur ar chaighdeán an ardoideachais agus ar a chumas chun déileáil le riachtanais athraitheacha.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
A chinntiú go bhfuil oiliúint mhúinteoirí ag leibhéal an bhunoideachais agus ag leibhéal an iar-bhunoideachais bainteach le riachtanais an tseomra ranga sa lá atá inniu ann.	• Oibriú leis an gComhairle Mhúinteoireachta ar mheasúnú agus athbhreithniú leanúnach cúrsaí oiliúna múinteoirí (lena n-áirítear athchóiriú, más gá sin) ag féachaint do riachtanais mheasúnaithe oideachais, agus do dhea-chleachtas agus d'fhorbairtí idirnáisiúnta.

Cuspóir 3.2

Méadú suntasach a dhéanamh ar líon na PhD-anna agus ar ghníomhaíocht taighde.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tacú le cuspóirí na Straitéise Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (SSTI) i ndáil le forbairt a dhéanamh ar scoth-thaighde domhanda in institiúidí ardoideachais.	• Saoráidí agus trealamh taighde a sholáthar in institiúidí ardoideachais. • An líon PhD-anna a mhéadú i dtreo spriocanna SSTI. • Oibriú éifeachtach socruithe idir-roinne agus idirghníomhaíochta i ndáil le déanamh de réir SSTI. • Struchtúir agus beartais chun tacú le forbairt an chórais Ceathrú Leibhéal agus deiseanna feabhsaithe do thaighdeoirí. • Socruithe feabhsaithe maidir le haistriú teicneolaíochta.

Cuspóir 3.3

Rochtain ar ardoideachas a chur chun cinn, go háirithe i gcomhair grúpaí gannionadaíochta agus deiseanna solúbtha foghlama a sholáthar.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Cothroime a chur chun cinn maidir le rochtain ar ardoideachas.	• Maoiniú arna sholáthar maidir le scéimeanna tacaíochta airgeadais. • Tacaíocht leanúnach a sholáthar don Oifig Náisiúnta um Chothroime Rochtana sa HEA. • Gníomhartha, tionscnaimh agus idirghabhálacha atá dírithe go sonrach ar rochtain agus ar ghrúpaí gannionadaíochta a choimeád i réimse an ardoideachais. • Deiseanna foghlama saoil a chumasú trí thacú le cur chuige níos solúbtha maidir le foghlaim i réimse an ardoideachais.
Clár athchóirithe reachtaíochta agus riaracháin a chur i ngníomh i ndáil le deontais cothabhála mac léinn.	• Reachtaíocht nua chun Tacú le Mic Léinn. • Scéim nua aonair aonfhoirmeach a sholáthar i ndáil le deontais cothabhála mac léinn a bheidh á riaradh ag earnáil an Ghairmoideachais (VEC-anna). • Feabhsuithe ar chomhréireacht, ar rochtain do chliaint agus ar chaighdeán na seirbhíse le linn deontais a riaradh.
Oibriú chun a chinntiú go bhfuil rochtain níos forleithne ann ar oiliúint bhunmhúinteoirí.	• Moltaí na tuarascála dar teideal 'Males into Primary Teaching' (Fir sa Bhunmhúinteoireacht) a chur i ngníomh. • Cúrsaí oiliúna Bunmhúinteoirí a bheith ar fáil, idir chúrsaí do chéimithe agus chúrsaí cianfhoghlama. • Scéim Iontrála Dírí chuig Coláistí Oideachais a chur chun cinn.

Táscairí Feidhmíochta	
Cumas	• Spriocanna a bhaint amach chun freastal ar riachtanais scileanna sainaitheanta, lena n-áirítear riachtanais scileanna na hearnála sláinte, na múinteoireachta agus na printíseachta. • Spriocanna SSTI agus spriocanna eile a bhaint amach maidir le líon méadaithe céimithe suas go leibhéal PhD. • Maoiniú arna sholáthar i gcomhair tionscadail tosaíochta maidir le saoráidí lárnacha múinteoireachta agus foghlama ag leibhéal fochéimithe. • Sraitheanna láithreacha PRTLI a thabhairt chun críche.
Caighdeán	• An leibhéal dul chun cinn maidir le clár athchóirithe reachtaíochta agus riaracháin a chur i ngníomh i ndáil le deontais cothabhála mac léinn. • Feabhsú seirbhíse i ndáil le riaradh deontas lena n-áirítear an céatadán de dheontais a phróiseáiltear agus a íoctar faoin spriocdháta. • Spriocanna feidhmíochta SIF a bhaint amach.
Páirteachas	• Rátaí páirteachais i staidéar páirtaimseartha ag grúpaí saindírithe, lena n-áirítear an Lucht Siúil. • Rátaí páirteachais san ardoideachas ag mic léinn ó ghrúpaí gannionadaíochta, lena n-áirítear mic léinn ó chúlraí míbhuntáistiúla, ag mic léinn aibí agus ag mic léinn faoi mhíchumas.

Caibidil 6

Seirbhísí a fheabhsú agus a fhorbairt

Sprioc 4
Tacaíocht a thabhairt maidir le soláthar agus forbairt an oideachais trí cheapadh beartas, trí phleanáil ardchaighdeáin agus trí ard-fhócas ar chustaiméirí.

6. SEIRBHÍSÍ A FHEABHSÚ AGUS A FHORBAIRT

Comhthéacs Beartais

Tá sé de cheart ag foghlaimeoirí, ag tuismitheoirí, ag oideachasóirí agus ag daoine eile a bheith ag súil le caighdeáin arda seirbhíse, le cuntasacht níos mó agus le pleanáil ardchaighdeáin chun freastal ar riachtanais oideachais amach anseo. Mar gheall ar athruithe tapa eacnamaíochta agus sóisialta, tá méadú tagtha ar fheasacht an phobail ar chaighdeáin oideachais agus, ag an am céanna, bíonn ar sholáthróirí oideachais déileáil le timpeallacht atá ag éirí níos casta agus níos uilechineálaí. Tá an Roinn tiomanta i leith seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar ar seirbhísí iad a fhreastalaíonn ar riachtanais ár gcuid custaiméirí agus cliant, go háirithe foghlaimeoirí, ag gach leibhéal. Tá an Roinn tiomanta go hiomlán freisin i leith leanúint de chlár nuachóirithe an Rialtais ar fud na hearnála poiblí a chur i ngníomh.

Is é atá i dtosaíochtaí na Roinne sa tréimhse lena mbaineann an Ráiteas Straitéise seo ná an tseirbhís a sholáthraímid a fheabhsú agus a fhorbairt, beartais maidir leis an gcóras oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú, leanúint den chlár nuachóirithe a chur i ngníomh agus clár díláraithe an Rialtais a chur i ngníomh.

SPRIOC 4
Tacaíocht a thabhairt maidir le soláthar agus forbairt an oideachais trí cheapadh beartas, trí phleanáil ardchaighdeáin agus trí ard-fhócas ar chustaiméirí.

CUSPÓIRÍ

- Beartais éifeachtacha a sholáthar chun déileáil le riachtanais láithreacha agus le dúshláin atá ag teacht chun cinn in earnáil an oideachais.
- Tacú le nuachóiriú earnáil an oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta lena ndéantar dea-chleachtas caidreamh tionscail a chur chun cinn.
- Tacaíocht a thabhairt don fhoireann, agus an fhoireann a fhorbairt, agus iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht, luach agus caighdeán ár gcuid seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.
- Bainistíocht a dhéanamh ar bhearta na Roinne i ndáil le tionscnaimh a bhaineann le sásamh i leith droch-úsáid leanaí in institiúidí cónaithe.
- Cabhair a thabhairt maidir le forbairt na nithe seo a leanas:
  - ☐ Comhoibriú Thuaidh/Theas trí mhalartú faisnéise agus foghlama agus trí chomhghníomhaíocht i réimsí comhaontaithe comhspéise.
  - ☐ Oideachas trí chomhoibriú agus trí chinnteoireacht ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta.

TORTHAÍ

- Beartais éifeachtacha Acmhainní Daonna agus oiliúna ina gcabhair maidir le forbairt phearsanta agus forbairt scileanna na foirne.
- Beartais chuí agus pleananna cuí a fhorbairt chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le feabhsú de réir córais tosaíochta agus chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn.
- Infhaighteacht agus úsáid fheabhsaithe sonraí i gcomhair beartais a fhorbairt, beartais a athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh.
- Leithroinntí airgeadais atá sainmhínithe go soiléir, oibríochtaí éifeachtúla maidir le híocaíochtaí, tuairisciú rialta éifeachtach airgeadais agus ullmhú na gCuntas Leithreasa.
- Oibriú feabhsaithe aonaid ghnó na Roinne agus soláthar feabhsaithe seirbhíse trí úsáid a bhaint as córais ICT.
- Rochtain, aistriú agus dul chun cinn feabhsaithe d'fhoghlaimeoirí agus soghluaiseacht fheabhsaithe.
- Páirteachas i ngníomhaíochtaí an OECD agus Chomhairle na hEorpa mar chabhair maidir le forbairt beartais do chóras oideachais na hÉireann.
- Comhoibriú éifeachtach ar thionscnaimh Thuaidh/Theas.

Cuspóir 4.1

Beartais éifeachtacha a sholáthar chun déileáil le riachtanais láithreacha agus le dúshláin atá ag teacht chun cinn in earnáil an oideachais.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tacú le taighde, measúnú agus pleanáil chun creat éifeachtach beartais a áirithiú.	• Clár taighde ar shaincheisteanna tábhachtacha i réimse an oideachais a mhaoiniú agus a bhainistiú. • Scaipeadh feabhsaithe maidir le cinntí a éiríonn as taighde a bhaineann le cúrsaí oideachais agus ar taighde é arna choimisiúnú ag an Roinn agus ag comhlachtaí náisiúnta iomchuí eile. • Athbhreithnithe um Luach ar Airgead (VFM) a chríochnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais a bhfuil tionchar acu ar luach ar airgead agus moltaí a éiríonn as na tuarascálacha sin a chur i ngníomh.

Cuspóir 4.1

Beartais éifeachtacha a sholáthar chun déileáil le riachtanais láithreacha agus le dúshláin atá ag teacht chun cinn in earnáil an oideachais.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tacú leis an Ionad Taighde Oideachais i ndáil le comhordú a dhéanamh ar pháirteachas na hÉireann i staidéir idirnáisiúnta.	• Páirteachas i gClár an OECD maidir le Measúnacht Idirnáisiúnta Mac Léinn (PISA), sa Suirbhé Idirnáisiúnta ar Mhúinteoireacht agus ar Fhoghlaim (TALIS) agus sa Staidéar Oideachais um Chúrsaí Cathartha agus Saoránacht (ICCS).
Straitéis na Roinne maidir le Sonraí a chur i ngníomh.	• Tionscadail shonracha arna sainaithint i Straitéis na Roinne maidir le Sonraí a chur i ngníomh.
Tacú le comhoibriú idirghníomhaireachta lena chinntiú go ndéantar beartais a chur i ngníomh go héifeachtach ag an bpointe seirbhíse.	• Comhoibriú idirghníomhaireachta, i dtaca le soláthar seirbhísí, a fhorbairt trí shocruithe oibre comhoibríocha agus trí phrótacail do ghníomhaireachtaí a sholáthraíonn seirbhísí in earnáil an oideachais.
Struchtúir chuí agus pleananna cuí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn ar fud an chórais oideachais, ar riachtanais iad atá ann mar gheall ar riachtanais athraitheacha sóisialta agus déimeagrafaíochta	• Leibhéil thuartha rollaithe a shainaithint. • Aonad nua Limistéar Forbraíocha a bhunú sa Roinn chun oibriú le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí iomchuí eile chun láithreáin a fháil agus chun soláthar saoráidí oideachais ar fud na tíre a bhainistiú. • Déileáil le riachtanais chóiríochta. • Comhaontú na socruithe riachtanacha agus múnla píolóta pátrúnachta a thabhairt isteach.
Tacú le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann, le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna agus le Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna maidir le forbairt agus cur i ngníomh an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a chur chun cinn.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar do NQAI, do FETAC agus do HETAC. • Forbairt leanúnach ar an mbeartas foriomlán i ndáil le measúnacht agus aitheantas do cháilíochtaí.
Cabhair a thabhairt maidir le hobair Oifig an Aire um Chomhtháthú d'fhonn comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhtháthaithe agus d'fhonn déileáil le saincheisteanna tosaíochtaí a bhaineann le comhtháthú.	• A chinntiú go ndéantar an gá le comhtháthú inimirceach agus a dteaghlach a chur i gcuntas sa réimse beartas oideachais sna codanna éagsúla den Roinn. • Beartas a fhorbairt maidir le comhtháthú oideachais inimirceach agus a dteaghlach.

Cuspóir 4.2

Tacú le nuachóiriú earnáil an oideachais trí phróiseas comhpháirtíochta lena ndéantar dea-chleachtas caidreamh tionscail a chur chun cinn.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Comhordú agus bainistíocht a dhéanamh ar chaidreamh tionscail le grúpaí fostóra agus le ceardchumainn san earnáil oideachais trí nósanna imeachta comhaontaithe agus trí struchtúir chomhaontaithe.	• An leibhéal gníomhaíochta tionscail is ísle is féidir. • Comhshocruithe laistigh de na treoirlínte maidir le beartas pá. • Saincheisteanna a réiteach trí phróisis chomhaontaithe caidreamh tionscail. • Cláir nuachóirithe a chur i ngníomh. • Oibriú rathúil socruithe comhpháirtíochta.
Tacú le nuachóiriú, agus nuachóiriú a chur chun cinn, agus forbairt a dhéanamh ar struchtúir chomhpháirtíochta i ngach institiúid oideachais a mhaoinítear le hairgead poiblí.	

Cuspóir 4.3

Tacaíocht a thabhairt don fhoireann, agus an fhoireann a fhorbairt, agus iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht, luach agus caighdeán ár gcuid seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Faireachán a dhéanamh at phróisis agus nósanna imeachta eagrúcháin a bhaineann le ceanglais airgeadais, eitice agus reachtaíochta agus lena rialaítear caidreamh na Roinne lena cuid gníomhaireachtaí, agus forbairt a dhéanamh ar na próisis agus ar na nósanna imeachta sin.	• Plean Iniúchta Inmheánaigh Bhliantúil, iniúchtaí arna dtabhairt chun críche agus moltaí arna gcur i bhfeidhm. • Clár Priacal á choimeád agus á athbhreithniú agus bearta cuí á nglacadh chun déileáil le saincheisteanna a shainaithnítear. • Treoirlínte agus nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le cleachtas fónta rialachais chorparáidigh. • Freagraí tugtha ar Iarrataí Saorála Faisnéise agus ar iarrataí ar rochtain Cosanta Sonraí. • Ceanglais sláinte agus sábháilteachta á gcomhlíonadh.
Straitéis chuimsitheach IT, agus plean gníomhaíochta chun tacú le riachtanais ghnó na Roinne, a fhorbairt agus a chur i ngníomh.	• Straitéis IT agus Plean Gníomhaíochta. • Plean Gníomhaíochta á chur i ngníomh ar bhonn céimnithe.
Straitéis Oiliúna agus Forbartha a fhorbairt agus a chur i ngníomh agus oiliúint i gcomhair riachtanas sainaitheanta agus oiliúint inniúlachta, de réir mar a shainaithnítear trí PMDS, a sholáthar.	• Straitéis Oiliúna & Forbartha. • Cláir oiliúna arna soláthar

Cuspóir 4.3

Tacaíocht a thabhairt don fhoireann, agus an fhoireann a fhorbairt, agus iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht, luach agus caighdeán ár gcuid seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Clár díláraithe fheidhmeanna na Roinne go dtí Baile Átha Luain agus go dtí an Muileann gCearr a chur i ngníomh.	• Daoine den fhoireann atá toilteanach dílárú a dhéanamh a aistriú de réir a chéile chuig rannóga cuí de chuid na Roinne. • Daoine den fhoireann atá bunaithe i mBaile Átha Cliath agus ar mian leo fanacht i mBaile Átha Cliath a aistriú amach de réir a chéile chuig ranna atá ag fanacht i mBaile Átha Cliath. • Déileáil le riachtanais chóiríochta i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. • Socruithe nua oibre a chur i ngníomh lena chumasú don Roinn a feidhmeanna a chomhlíonadh tar éis dílárú a chur i bhfeidhm go hiomlán.
Meastacháin bhliantúla airgeadais a ullmhú agus faireachán agus tuairisciú a dhéanamh go tráthrialta maidir le caiteachas.	• Ábhar chun tacú le meastacháin ar chaiteachas agus aighneachtaí chuig an Roinn Airgeadais mar thacaíocht le héilimh. • Tuarascálacha rialta maidir le faireachán ar chaiteachas. • Tuairisciú agus faireachán a dhéanamh maidir leis an dul chun cinn ar spriocanna agus ar chuspóirí comhaontaithe de chuid clár arna maoiniú faoin NDP, faoin gCreat Tagartha Náisiúnta Straitéiseach agus arna maoiniú trí tharraingt as cúnamh gaolmhar AE.
Plean Corparáideach maidir le Fáil Seirbhísí agus Earraí a fhorbairt agus a chur i ngníomh.	• Plean Corparáideach maidir le Fáil Seirbhísí agus Earraí. • Cur i bhFeidhm an mholtaí Phlean Corparáideach na Roinne maidir le Fáil Seirbhísí agus Earraí.

Cuspóir 4.3

Tacaíocht a thabhairt don fhoireann, agus an fhoireann a fhorbairt, agus iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht, luach agus caighdeán ár gcuid seirbhísí a fheabhsú go leanúnach.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Cairt nua Seirbhíse Custaiméara agus Plean nua Gníomhaíochta don tréimhse 2008-2010 a fhorbairt agus a chur i ngníomh.	• Cairt Chustaiméara agus Plean Gníomhaíochta. • An Plean Gníomhaíochta a chur i ngníomh.
Tacaíocht a thabhairt maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.	• Leanúint de Scéim láithreach na Roinne maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a chur i ngníomh. • Scéim nua a fhorbairt agus a chur i ngníomh maidir leis an tréimhse 2009-2011.

Cuspóir 4.4

Bainistíocht a dhéanamh ar bhearta na Roinne i ndáil le tionscnaimh a bhaineann le sásamh i leith droch-úsáid leanaí in institiúidí cónaithe.

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Tacú le hobair an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú, an Bhoird um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus an Bhoird um Airgeadas Oideachais.	• Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht riaracháin á soláthar do na heagraíochtaí seo. • Tuarascáil an Choimisiúin chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú a fhoilsiú.
Tacaíocht a thabhairt d'iarchónaitheoirí de chuid na bhforas lena mbaineann agus idirchaidreamh a dhéanamh leo.	• Maoiniú cuí a sholáthar do ghrúpaí agus cruinnithe rialta a eagrú.

Cuspóir 4.5

Cabhair a thabhairt maidir le forbairt na nithe seo a leanas:

- **Comhoibriú Thuaidh/Theas trí mhalartú faisnéise agus foghlama agus trí chomhghníomhaíocht i réimsí comhaontaithe comhspéise.**
- **oideachas trí chomhoibriú agus trí chinnteoireacht ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal idirnáisiúnta.**

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Idirchaidreamh a dhéanamh le Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus le Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann i ndáil le cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (An Earnáil Oideachais) agus comhordú a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le teagmhálacha déthaobhacha le hoifigigh sa Roinn Fostaíochta agus Foghlama agus sa Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann.	• Athbhreithniú comhpháirteach a sheoladh maidir leis na sásraí cuí chun comhordú agus bainistíocht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhoibrithe éifeachtacha Thuaidh/Theas san earnáil oideachais agus óige. • Réimsí i gcomhair gníomhaíochtaí comhpháirteacha arna sainaithint agus arna gcomhaontú. • Cómhaoiniú tionscnamh comhpháirteach. • Tacaíocht a thabhairt maidir le forbairt leanúnach an Middletown Centre for Autism (Ionad Choilligh Chanannáin don Uathachas).
Tionscnaimh comhoibrithe a fhorbairt agus a riaradh idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Éire, Thuaidh agus Theas, lena n-áirítear Cláir Scoláireachtaí Mitchell.	• Comhaontú athbhreithnithe i bhfeidhm idir an Roinn agus Comhghuaillíocht Stáit Aontaithe Mheiriceá-na hÉireann *(US Ireland Alliance)*. • Leasú reachtaíoch ar an Acht um Chistí Scoláireachtaí George Mitchell.
Cabhair a thabhairt, agus tionchar a imirt, maidir le ceapadh beartais nua AE ar oideachas agus oiliúint trí Chomhairle an AE, tríd an gCoiste Oideachais agus trí Choistí eile de chuid an AE agus trí eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, mar shampla Comhairle na hEorpa, an OECD agus UNESCO.	• Tionscnaimh bheartais agus cláir lena gcuirtear staid náisiúnta na hÉireann i gcuntas a fhorbairt agus a chur i ngníomh. • Páirteachas i dtionscadail agus i gcláir de chuid Chomhairle na hEorpa agus an OECD.
Éire a chur chun cinn mar ionad sármhaitheasa idirnáisiúnta i ndáil le gnóthaí oideachais.	• Comhaontuithe oideachais agus cultúir a chur i ngníomh le tíortha eile. • Oideachas Éireann *(Education Ireland)* a bhunú. • Tacaíocht airgeadais agus tacaíocht eile a sholáthar don Chomhairle um Scoileanna Béarla (Advisory Council for English Language Schools).

Straitéisí/Gníomhartha	Bearta
Éire a chur chun cinn mar ionad sármhaitheasa idirnáisiúnta i ndáil le gnóthaí oideachais.	• Gealltanais Straitéis na hÁise *(Asia Strategy)* a chur i ngníomh. • Comhaontuithe oideachais agus cultúir a chur i ngníomh le tíortha eile.

Táscairí Feidhmíochta	
Comhthéacs Beartais	• Athbhreithnithe Beartais agus Luach ar Airgead arna gcur i gcrích agus moltaí arna gcur i ngníomh. • An líon tionscadal taighde atá curtha i ngníomh agus scaipthe. • Dul chun cinn i dtaca le Straitéis na Roinne maidir le Sonraí a chur i ngníomh. • An líon mac léinn a fhaigheann deimhniúchán faoi chreat NQAI, ó FETAC agus ó HETAC. • Dul chun cinn maidir le tionscnaimh nua beartais a chur i ngníomh.
Thuaidh/Theas, AE agus Idirnáisiúnta	• Dul chun cinn faoi mar a chomhaontaítear i réimsí comhoibrithe Thuaidh/Theas. • Oideachas Éireann (Education Ireland) a bhunú. • Méadú ar an líon mac léinn Idirnáisiúnta a roghnaíonn Éire mar ionad staidéir.
Seirbhís Chustaiméara	• Cairt Seirbhíse Custaiméara agus Plean Gníomhaíochta arna bhforbairt agus arna gcur i ngníomh. • Scéim arna gcur i ngníomh maidir le seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar.
Seirbhísí Corparáideacha	• Gealltanais a sholáthar dá bhforáiltear i straitéisí agus i bpleananna na Roinne. • Dílárú oifigí na Roinne i mBaile Átha Cliath go dtí Baile Átha Luain agus go dtí an Muileann gCearr de réir scálaí ama DIG. • Ullmhú, bainistiú agus tuairisciú a dhéanamh maidir le leithroinnt bhuiséadach na Roinne laistigh de cheanglais airgeadais náisiúnta agus laistigh de cheanglais airgeadais an AE. • Moltaí a éiríonn as tuarascálacha iniúchóireachta a chur i ngníomh. • An líon laethanta oiliúna foirne a soláthraíodh. • An líon laethanta oiliúna foirne in aghaidh an fhostaí.

Táscairí Feidhmíochta	
Nuachóiriú	• Méaduithe pá a íoc ar na dátaí a luaitear i gcomhaontuithe náisiúnta pá. • Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na hEarnála Oideachais agus Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Stát Seirbhíse do dhéanamh fíorú ar an dul chun cinn maidir le nuachóiriú. • Athrú eagrúcháin arna sholáthar tríd an bpróiseas comhpháirtíochta. • An t-aistriú arna chur i gcrích maidir le freagracht as Institiúidí Teicneolaíochta a aistriú chuig an Údarás um Ard-Oideachas.

Caibidil 7

Ag tacú le soláthar seirbhísí

7. AG TACÚ LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ

Cumas Eagrúcháin

Ní mór éabhlóid agus feabhsú a bheith ann i ngach eagraíocht ionas gur féidir déileáil leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun leas a bhaint as deiseanna nua. Le tamall de bhlianta, tá an Roinn ag gabháil do chlár mór athchóirithe struchtúraigh. Mar chuid den athchóiriú sin, bunaíodh roinnt gníomhaireachtaí, lena n-áirítear Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus gréasán Oifigí Réigiúnacha. Mar chuid den athchóiriú sin freisin, rinneadh freagracht as riaradh earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta a aistriú le déanaí ón Roinn chuig an Údarás um Ard-Oideachas. Ina theannta sin, rinneadh athstruchtúrú inmheánach le bliain anuas agus rinneadh atheagrú ar na freagrachtaí ag an leibhéal bainistíochta is airde. Is é is cuspóir leis an athchóiriú struchtúrach sin ná a chumasú don Roinn díriú ar cheapadh, ar mheasúnú agus ar phleanáil beartas ag leibhéal straitéiseach.

Tá brú níos mó ar an Roinn anois maidir le bainistiú na méideanna méadaithe gníomhaíochtaí oibríochta a bhaineann leis an leathnú ar an líon foirne agus ar an líon foghlaimeoirí sa chóras oideachais. Tá dúshláin shuntasacha eagrúcháin ann maidir le déanamh de réir an chláir oibre nuachóirithe san earnáil oideachais, maidir le tacú le córas rialachais scoileanna atá ag brath go mór ar dhaoine deonacha agus maidir le déileáil leis na dúshláin chasta timpeallachta atá luaite i roinn 2, lena n-áirítear déimeagrafaíocht athraitheach, mianta méadaitheacha tuismitheoirí agus foghlaimeoirí, timpeallacht rialála níos déine agus tionchar athruithe forleathana ar an tsochaí.

Leanfaimid de mheasúnacht a dhéanamh, ar bhonn leanúnach, ar struchtúir agus ar phróisis eagrúcháin lena chinntiú go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na heagraíochta sa chomhthéacs sin. Mar chuid de sin, déanfaidh an Roinn, le linn na tréimhse lena mbaineann an Ráiteas Straitéise seo, páirt a ghlacadh sa Chlár Athbhreithnithe Eagrúcháin a d'fhógair an Taoiseach le déanaí.

Dílárú

De thoradh chur i ngníomh chlár díláraithe an Rialtais, beidh dúshlán ar leith eagrúcháin ann don Roinn sa tréimhse lena mbaineann an ráiteas straitéise seo. Ta socruithe á ndéanamh maidir le hathshuíomh roinnt aonad gnó ó Bhaile Átha Cliath go dtí Baile Átha Luain sa bhliain 2008 agus maidir le ceannoifig na Roinne a aistriú go dtí an Muileann gCearr sa bhliain 2010. Cheana féin, tá leibhéal mór athraithe foirne ag tarlú sa Roinn mar gheall ar ghluaiseacht daoine den fhoireann atá tar éis a roghnú fanacht i mBaile Átha Cliath nó dílárú chuig suímh éagsúla atá san áireamh i gclár foriomlán an Rialtais. Ní mór díriú ar bhainistiú agus ar íoslaghdú an tionchair atá ag na hathruithe móra foirne sin ar sholáthar agus ar chaighdeán seirbhísí ó lá go lá. Ní mór freisin a bheith in ann breithniú a dhéanamh ar bhealaí nua chun gnó a sheoladh mar eagraíocht dhíláraithe, i dtéarmaí oibríochtaí inmheánacha agus i dtéarmaí ár n-idirghníomhaíochta le custaiméirí, le comhpháirtithe agus le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais. De bharr scála an-mhór an chaillteanais i dtaca le taithí agus oilteacht de, tá baol mór ann don Roinn maidir le soláthar seirbhísí a choimeád ar bun agus maidir le glacadh le nuálaíocht agus le hathruithe. Is amhlaidh freisin, áfach, go rachaidh

smaointe nua agus peirspictíochtaí nua na ndaoine nua a thiocfaidh isteach san fhoireann chun tairbhe go dearfach don Roinn le himeacht aimsire.

Daoine a Fhorbairt

Chun ár gcuid seirbhísí láithreacha a choimeád ar bun agus, ag an am céanna, chun feabhas a chur ar an tslí ina ndéanaimid ár gcuid oibre, beimid ag brath ar thiomantas, ar eolas agus ar scileanna gach duine d'fhoireann na Roinne. Leanfaimid de chultúr ard-fheidhmíochta a chothú trí chumarsáid leanúnach leis an bhfoireann, trí PMDS a chur i ngníomh agus trí chláir chuí oiliúna agus forbartha a sholáthar.

Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí gaolmharas

Is faoi na gníomhaireachtaí arna mbunú ag an Roinn agus faoi chomhlachtaí eile a fhaigheann maoiniú Státchiste tríd an Roinn atá sé cuid mhaith de na straitéisí atá luaite sa doiciméad seo a chur i ngníomh. Is féidir liosta de na gníomhaireachtaí sin a fháil ag www.education.ie.

Leanfaimid d'fhorbairt a dhéanamh, i gcomhairle le comhlachtaí iomchuí, ar chreata cuí tacaíochta, beartais, faireacháin agus measúnaithe mar thaca le soláthar seirbhísí ardchaighdeáin ar fud an chórais oideachais. Le linn an méid sin a dhéanamh, leanfaimid freisin de chlár an Rialtais maidir le nuachóiriú na seirbhíse poiblí a chur i ngníomh ar fud na hearnála oideachais.

Caibidil 8

Ag díriú ar raichtanais ár gcuid custaimeiri

8. AG DÍRIÚ AR RIACHTANAIS ÁR gCUID CUSTAIMÉIRÍ

Ár gCustaiméirí

Baineann réimse custaiméirí na Roinne le gach aicme de chuid shochaí na hÉireann. Bíonn teagmháil dhíreach ag gach duine leis an oideachas tráth éigin le linn a saoil, cibé acu mar mhac léinn, mar thuismitheoir, mar mhúinteoir, mar fhostóir, mar fhostaí, mar dhuine den phobal nó mar rannpháirtí ar chumainn tuismitheoirí, ar bhoird bhainistíochta scoile nó ar bhoird cheannais eile. Tá leas díreach ag gach duine den sórt sin i bhforbairt agus i soláthar seirbhísí ardchaighdeáin oideachais. Is cliant-ghrúpaí tábhachtacha iad an Rialtas, na comhaltaí den Oireachtas, na comhpháirtithe sóisialta agus foireann na Roinne féin ina gcáil mar chustaiméirí inmheánacha.

Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar

Tá an Roinn tiomanta i leith seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do gach duine dár gcuid custaiméirí agus i leith caighdeán na seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Táimid tiomanta freisin i leith cumarsáid a dhéanamh lenár gcustaiméirí, agus seirbhísí a sholáthar dóibh, trí mheán na Gaeilge, i gcás ina roghnaíonn siad amhlaidh. Tá cairt nua custaiméara agus plean gníomhaíochta á bhforbairt i gcomhthráth leis an straitéis seo. Is é is aidhm do na nithe sin ná go mbeidh aetas seirbhíse ardchaighdeáin custaiméara ann i ngach réimse de ghníomhaíochtaí na Roinne. Déanfaimid tuairisc ar dhul chun cinn maidir le baint amach na spriocanna atá leagtha amach inár bPlean Gníomhaíochta Custaiméara a thabhairt inár gcuid tuarascálacha bliantúla. Tá córas tuairimí agus gearán ann mar chabhair do dhaoine nach mbíonn sásta go raibh an tseirbhís a fuair siad i gcomhréir lenár gcuid gealltanas maidir le seirbhís ardchaighdeáin nó i gcomhréir le prionsabail a nglactar leo i gcoitinne i ndáil le cothroime agus dea-chleachtas riaracháin.

Teicneolaíocht Faisnéise a Úsáid

Tá ról tábhachtach ag an Teicneolaíocht Faisnéise maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn. Trí fhorbairt rathúil an chéad tionscadail ríomhRialtais de chuid na Roinne, mar atá an Córas Éileamh Ar-Líne, tá bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunoideachais in ann faisnéis a chur ar fáil go leictreonach don Roinn i ndáil le ceapadh múinteoirí ionaid. Déanann an Roinn an fhaisnéis sin a phróiseáil agus eisítear íocaíocht go díreach chuig an múinteoir ionaid. Is é an tionscadal seo an chéad cheann de roinnt ríomhsheirbhísí a bheartaíonn an Roinn a chur ar fáil sna blianta atá romhainn.

Leanfaidh an Roinn de mhéadú a dhéanamh ar úsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraítear dár gcustaiméirí agus, más féidir, rogha a thairiscint do chustaiméirí maidir leis an tslí ina mbíonn plé acu linn;
- Feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Roinn i ndáil le measúnú, pleanáil agus forbairt beartais;
- Feabhas a chur ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim.

Rialáil níos fearr

Tá sé mar aidhm ag an Roinn creat éifeachtach reachtaíochta agus rialála a sholáthar mar thaca le soláthar seirbhísí ar fud an chórais oideachais. Is mian linn rialacha soiléire a bheith againn dár gcuid scéimeanna agus nósanna imeachta riaracháin chun a chinntiú gur léir cad iad na teidlíochtaí atá ann i ndáil le hacmhainní agus chun go mbeidh an próiseas iarrtha acmhainní chomh simplí agus is féidir dár gcuid custaiméirí. Sa chomhthéacs sin, déanfaimid scrúdú i dtaobh 'rialacha' na Roinne maidir le rialú bunscoileanna agus scoileanna iar-bhunoideachais a chur ar bhonn foirmiúil rialála.

Déanfaimid próisis neamhspleácha achomhairc a thabhairt isteach más cuí sin. Trí phróisis neamhspleácha achomhairc a thabhairt isteach, cinntítear gur féidir le custaiméirí nach bhfuil sásta le cinneadh arna dhéanamh ag an Roinn faoi iarratas áirithe achomharc a dhéanamh chuig comhlacht atá neamhspleách ar an Roinn.

Cabhair a thabhairt maidir le straitéisí trans-rannacha

Caibidil 9

9. CABHAIR A THABHAIRT MAIDIR LE STRAITÉISÍ TRAS-RANNACHA

Tá comhoibriú éifeachtach tras-rannach riachtanach i dtaca le cuid mhór de na cuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas straitéise seo a bhaint amach. Le linn seirbhísí éifeachtacha dár gcustaiméirí a sholáthar, is eol dúinn go bhfuil gá le straitéisí comhtháite agus beartais chomhtháite agus go bhfuil gá le comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus ar idirghabhálacha de chuid na bpríomhghníomhaireachtaí a sholáthraíonn seirbhísí gaolmhara agus seirbhísí comhlántacha ag an leibhéal áitiúil.

Tá ról an-suntasach ag an oideachas i ndáil le tacaíocht a thabhairt maidir le cuspóirí leathana bheartais an Rialtais agus baineann an ról sin le réimse iomlán an chláir oibre i gcomhair forbartha eacnamaíochta, uilechuimsitheachta sóisialta, chaighdeán na beatha agus saoránachta gníomhaí. Tá léiriú le fáil air sin sna freagrachtaí trasluiteacha atá ag gach duine de na hAirí Stáit atá sannta don Roinn seo. Maidir lena gcuid ról, baineann siad le maoirseacht agus ceannaireacht i ndáil le socruithe chun comhordú a dhéanamh i gcomhar le Ranna eile chun mórchuspóirí bheartais an Rialtais a bhaint amach sna réimsí seo a leanas:

- foghlaim ar feadh saoil duine (i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta)
- daoine atá díreach tar éis teacht go hÉirinn a chomhtháthú isteach i sochaí na hÉireann (i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí).
- Oideachas Luathóige a fhorbairt (i gcomhar le hOifig an Aire leanaí).
- nuálaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar (i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta)
- idirchaidreamh éifeachtach a dhéanamh leis an earnáil sláinte le linn Acht EPSEN agus an tAcht Míchumais agus straitéisí a chur i ngníomh.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc saincheisteanna iomráiteacha trasluiteacha eile: idirghníomhaíocht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus le húdaráis áitiúla le linn pleanáil a dhéanamh maidir le scoileanna nua a sholáthar chun freastal ar riachtanais pobal atá ag teacht chun cinn; straitéis an Rialtais a chur i ngníomh maidir le soláthar scileanna sa todhchaí agus forbairt ár gcumais taighde agus forbartha (i gcomhar leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le páirtithe eile); cur chun cinn an chláir oibre fhorleathain maidir le heisiamh sóisialta, lena n-áirítear an Straitéis Náisiúnta Frith-Bhochtaine (i gcomhar le Roinn an Taoisigh agus le páirtithe eile); forbairt beartas maidir le cur chun cinn na Gaeilge agus cur i ngníomh na Straitéise Náisiúnta Drugaí (i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta); cur chun cinn beart comhionannais sa chóras oideachais ar fad (i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí); agus cur i ngníomh Lámh Chuidithe: an Straitéis Náisiúnta do Ghníomhaíocht Faoi Chosc Féinmharaithe (i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte).

Maidir leis na nithe sin agus maidir le réimse saincheisteanna eile, bíonn oifigigh de chuid na Roinne i dteagmháil go rialta le Ranna agus gníomhaireachtaí eile ar bhonn déthaobhach agus trí struchtúir fhoirmiúla comhordaithe ar nós coistí idir-roinne, grúpaí oifigeach sinsearach agus fochoistí comh-aireachta. Tá ionadaithe ag an Roinn seo freisin ar roinnt grúpaí tras-rannacha ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal réigiúnach. Tá liosta le fáil in Aguisín 1 de na saincheisteanna trasluiteacha sin agus de na struchtúir chomhordúcháin sin.

Caibidil 10

Faireachán agus athbhreithniú

10. FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

Faoi théarmaí an Achta um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí, 1997, ní mór don Roinn tuarascáil bhliantúil a sholáthar don Aire maidir le dul chun cinn i ndáil le cur i ngníomh an Ráitis Straitéise. Déanfar faisnéis a sholáthar inár dtuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn i ndáil lenár spriocanna ardleibhéil a bhaint amach agus déanfar sin faoi threoir na n-aschur, na dtorthaí agus na dtáscairí feidhmíochta atá luaite sa doiciméad seo. Tabharfaimid tuairisc freisin ar réimsí nach rabhthas in ann dul chun cinn a dhéanamh iontu nó a raibh deacrachtaí áirithe ann ina leith. Tríd an tuarascáil bhliantúil freisin, beidh deis againn suntas a thabhairt do riachtanais athraitheacha agus do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn ar riachtanais agus saincheisteanna iad nach mór déileáil leo.

Ina theannta sin, déanfar faireachán ar dhul chun cinn ar an modh seo a leanas:

- Athbhreithniú bliantúil agus ullmhú pleananna gnó rannóige;
- Athbhreithnithe foirmiúla débhliantúla ag an Aire ar dhul chun cinn, i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach Bainistíochta;
- Faisnéis cothrom le dáta a thabhairt go rialta do Choiste Comhpháirtíochta na Roinne;
- Tuarascálacha ar dhul chun cinn a thabhairt do Ghrúpa Fíoraithe maidir le Dul Chun Cinn sa Státseirbhís;
- Freastal ar chruinnithe de Choistí iomchuí Oireachtais;
- Ráiteas Bliantúil Aschuir na Roinne;
- Tuairisciú maidir le creata beartais náisiúnta ar nós an Phlean Náisiúnta Forbartha.

Ina theannta sin, is eol dúinn an gá le hathbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar sholáthar seirbhísí chun a fháil amach an bhfuil siad fós ábhartha agus éifeachtach i dtaca le freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus chun a chinntiú go soláthraítear luach ar airgead ina leith.

Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bpróiseas eile a úsáidfimid chun faireachán a dhéanamh ar ár gcuid seirbhísí: clár na n-athbhreithnithe a dhéanfaimid ar Luach ar Airgead, athbhreithnithe beartas agus obair measúnaithe a dhéanann rannóga éagsúla de chuid na Roinne, agus ár gclár bainistithe priacal. Beidh na próisis sin ina gcabhair dúinn i dtaca le hathruithe cuí a shainaithint i ndáil le beartas agus leithroinnt acmhainní. Tabharfaimid tuairisc inár dtuarascálacha bliantúla ar chinntí a dhéanfar de thoradh na bpróiseas sin agus ar dhul chun cinn maidir le cur i ngníomh moltaí.

Tá seiceálacha neamhspleácha ann freisin i ndáil lenár bhfeidhmíocht, is é sin le rá, trí iniúchtaí leanúnacha agus trí scrúduithe Luach ar Airgead arna ndéanamh ar sheirbhísí oideachais ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Déantar tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chur ar fáil don Choiste um Chuntais Phoiblí agus do Dháil Éireann. Tagann cláir áirithe arna riaradh ag an Roinn agus ag comhlachtaí arna maoiniú ag an Roinn faoi réir a n-iniúchta freisin ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Comhoibrímid freisin le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, le hOifig an Choimisinéara Faisnéise, le hOifig an Ombudsman, le hOifig an Ombudsman do Leanaí, le hOifig an Ombudsman do Phinsin agus le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Caibidil 11

Táscairí Feidhmíochta

11. TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Déanann an Roinn maoirseacht ar sholáthar seirbhísí oideachais ag gach leibhéal den chóras oideachais ó réimse na luathóige go dtí réimse an bhreisoideachais agus an ardoideachais. Soláthraíonn sí maoiniú agus acmhainní daonna. Déanann sí comhordú freisin ar fhorbairt beartas i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara. Le linn éifeachtacht fheidhmíocht na Roinne a thomhas, is gá nithe seachas a ról riaracháin a chur i gcuntas agus díriú ar sholáthar seirbhísí oideachais ag gach leibhéal.

Tá roinnt gníomhartha agus spriocanna a bhaineann le hoideachas san áireamh i ndoiciméid bheartais ar nós an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta 2007 – 20016, I dTreo 2016 2006 – 2015, an Phlean Náisiúnta Forbartha 2007 - 2013 agus an Chláir Rialtais. D'ainneoin go mbaineann cuid de na spriocanna le tréimhse ama níos faide ná mar atá i gceist leis an Ráiteas Straitéise seo, tabharfaimid tuairisc ar an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach sna trí bliana atá díreach romhainn. Ina theannta sin, déanfaidh an Roinn tuairisc ar spriocanna aschuir a thabhairt ina Ráiteas Bliantúil.

Táthar tar éis roinnt táscairí sonracha feidhmíochta a shainaithint faoi gach Sprioc Ardleibhéil sa Ráiteas Straitéise seo. Ag leibhéal an chórais fhorleathain, leagtar amach anseo ina dhiaidh seo na príomhinnéacsanna feidhmíochta i gcomhair gach gné den chóras oideachais. Ní dhéantar cuid de na hinnéacsanna sin a thomhas in aghaidh na bliana mar gur cuid de phróisis bhinsemharcála idirnáisiúnta iad arna seoladh ag eagraíochtaí ar nós na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD). Tabharfaidh an Roinn tuairisc ar thoradh na bpróiseas sin de réir mar a thagann sonraí chun bheith ar fáil.

Leibhéil oideachais sa daonra i gcoitinne

- An cion daoine san aoisghrúpa 18-24 a bhfuil leibhéal íseal meánoideachais acu ar a mhéad agus nach bhfuil ag gabháil do bhreisoideachas ná d'oiliúint.
- An cion daoine san aoisghrúpa 20-24 a bhfuil ardleibhéal meánoideachais acu.
- An cion daoine den daonra aosach san aoisghrúpa 25-64 atá ag gabháil d'oideachas foirmiúil nó d'oiliúint eagraithe.
- Torthaí tríú leibhéal sa daonra aosach.
- Leibhéil litearthachta sa daonra aosach.

Oideachas Luathóige

- Feabhsuithe intomhaiste ar chaighdeáin sa soláthar réamhscoile.
- Páirteachas an Lucht Siúil i ngnáthionaid réamhscoile.
- An céatadán de leanaí ag freastal ar ranganna do naín agus do luath-thosaitheoirí.

An leibhéal bunoideachais agus an dara leibhéal

- An líon múinteoirí atá i mbun forbartha gairmiúla leanúnaí.
- An líon daoine atá ag fanacht sa dara leibhéal.
- Leibhéil na dtorthaí i gcás gach mic léinn agus iad bunaithe ar shuirbhéanna (lena n-áirítear an céatadán de dhaoine atá 15 bliana d'aois agus ag a bhfuil inniúlacht Litearthachta Léitheoireachta leibhéal 1 PISA).
- Torthaí measúnachtaí náisiúnta (ina n-úsáidtear

Ardoideachas

- Rátaí páirteachais, críochnaithe agus bronnta céimeanna.
- Táscairí ar Bhronnadh Céimeanna sa Mhatamaitic, san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht.
- An líon céimithe PhD.
- An líon áiteanna Printíseachta a sholáthraítear.

Breisoideachas agus Oideachas Aosach

- Rátaí páirteachais agus críochnaithe i ndáil le hoideachas leantach agus oiliúint.
- An líon rannpháirtithe ag a bhfuil deimhniúchán FETAC.

Seirbhísí Óige

- An líon rannpháirtithe ar scéimeanna óige.

Gníomhaíochtaí trans-rannacha

Aguisín 1

AGUISÍN 1 GNÍOMHAÍOCHTAÍ TRAS-RANNACHA

Tá achoimre anseo thíos ar na príomhghníomhaíochtaí tras-rannacha a bhfuil baint ag oifigigh de chuid na Roinne seo leo:

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Cabhair a thabhairt maidir le forbairt beartais agus seirbhísí ar fud na hearnála poiblí.	Saincheisteanna a bhaineann leis an ionad oibre, le hiomaíochas agus le scileanna.	Grúpa Ardleibhéil ar an Straitéis Náisiúnta maidir leis an Ionad Oibre. An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais. An Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí. An Grúpa Tí Imréitigh. An Grúpa Comhordúcháin Breisoiliúna.
	Saincheisteanna maidir le beartas leanaí tras-earnálach.	Grúpa Náisiúnta Cur i nGníomh (Creat Saolré do Leanaí – I dTreo 2016) faoi cheannas Oifig an Aire Leanaí. Grúpa Stiúrtha an Staidéir Náisiúnta Fhadaimseartha ar Leanaí in Éirinn Grúpa Cur i nGníomh na Straitéise Náisiúnta Leanaí faoi cheannas Oifig an Aire Leanaí.
	Grúpa oibre idir-roinne, faoi cheannas na Roinne Iompair, ar an bPlean Gníomhaíochta maidir le Taisteal agus Iompar Inchothaithe.	Treorú a dhéanamh maidir le comhairliúchán poiblí i dtaobh saincheisteanna áirithe ar comhairliúchán é as a leanfaidh ullmhú Plean Gníomhaíochta maidir le Taisteal agus Iompar Inchothaithe ina leagfar amach tograí i ndáil le taisteal agus iompar in Éirinn.
	Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht	Grúpa idir-roinne ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Grúpa Taighde Ardoideachais faoi cheannas na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.
	Athbhreithniú an OECD ar an earnáil phoiblí.	Grúpa Idirchaidrimh Ardleibhéil ar Athbhreithniú an OECD.
	Tithíocht.	Meitheal Thras-Rannach ar Thithíocht.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Cabhair a thabhairt maidir le forbairt beartais agus seirbhísí ar fud na hearnála poiblí.	Straitéis maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.	Grúpa oibre i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis an NCCA agus leis an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal.
	Dul chun cinn maidir le cur i ngníomh na moltaí ar Ghrinnfhiosrú Gardaí i ndáil le grinnfhiosrú a dhéanamh ar dhaoine ag a bhfuil rochtain neamh-mhaoirsithe ar leanaí agus ar aosaigh shoghonta.	Grúpa Cur i nGníomh maidir le Grinnfhiosrú.
	An Straitéis Náisiúnta Oiliúna Cúraim Leanaí a fhorbairt.	Grúpa idir-roinne faoi cheannas Oifig an Aire Leanaí agus tacaíocht aige ó ghrúpaí ionadaitheacha na gcomhlachtaí bronnta cáilíochtaí agus na soláthróirí.
	Comhordú a dhéanamh ar phleanáil éigeandála i ndáil le Ranna Rialtais agus seirbhísí riachtanacha.	Grúpa Oibre Idir-Roinne ar Phleanáil Éigeandála.
	Comhordú ar bhearta i leith pleanála éigeandála i ndáil le Sláinte an Phobail.	Buanchoiste Idir-Roinne ar Phleanáil Éigeandála i ndáil le Sláinte an Phobail.
	Cur i ngníomh mholtaí an Athbhreithnithe Caiteachais ar an Liúntas i gcomhair Filleadh ar an Scoil.	Coiste Stiúrtha an Athbhreithnithe Caiteachais ar an Liúntas i gcomhair Filleadh ar an Scoil, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.
	Oideachas sa Leigheas.	Coiste Stiúrtha Idir-Roinne ar Oideachas sa Leigheas. Coiste Náisiúnta ar Oideachas agus ar Oiliúint Leighis. Grúpa Náisiúnta Pleanála an Fhórsa Saothair i ndáil le hOideachas sa Leigheas.
	Tuairisciú maidir le Cistí Struchtúracha.	Coistí Faireacháin lena n-áirítear ionadaithe ó Ranna iomchuí, ó ghníomhaireachtaí iomchuí agus ó Choimisiún an AE.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Cabhair a thabhairt maidir le forbairt beartais agus seirbhísí ar fud na hearnála poiblí.	Grúpa ionadaitheach ar fhorbairtí sa bheartas maidir le cúram agus oideachas leanaí óga.	Coiste Náisiúnta Comhordaithe Cúraim Leanaí, faoi cheannas Oifig an Aire Leanaí.
	Cur chun cinn na Gaeilge.	Grúpa oibre i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Grúpa Comhordaithe idir-roinne Bhaile Mhuirne.
	Tionscadal píolóta i ndáil le forbairt seirbhísí comhtháite do leanaí.	Coiste Náisiúnta Cur i nGníomh, faoi cheannas Oifig an Aire Leanaí.
	Ról comhairleach i ndáil le Lámh Chuidithe – an Straitéis Náisiúnta do Ghníomhaíocht Faoi Chosc Féinmharaithe.	Grúpa Comhairleach Saineolaithe na hOifige Náisiúnta um Ghníomhaíocht Faoi Chosc Féinmharaithe.
	Maoirseacht a dhéanamh ar chur i ngníomh tionscnamh Seirbhíse Custaiméara ar fud na hearnála poiblí.	Tascfhórsa ar Sheirbhís Chustaiméara, faoi cheannas Roinn an Taoisigh.
	Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú athruithe agus ar an gclár oibre nuachóirithe ar fud na státseirbhíse.	An Gréasán um Bainistiú Athruithe.
	Úsáid sonraí staitistiúla i ranna rialtais i gcoitinne.	Grúpa Idirchaidrimh Sonraí, faoi cheannas Roinn an Taoisigh. Grúpa Saineolaithe um Réamh-Mheastacháin Daonra, faoi cheannas na Príomh-Oifige Staidrimh. Grúpa Comhairleach um Scileanna an Mhargaidh Saothair, faoi cheannas FÁS.
	An Straitéis Náisiúnta maidir le Sláinte na bhFear.	Grúpa Stiúrtha Náisiúnta
	Comhordú faisnéise maidir le Seirbhísí Tacaíochta do Theaghlaigh.	Oifigigh Idirchaidrimh arna gceapadh i Ranna iomchuí.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Cabhair a thabhairt maidir le forbairt beartais agus seirbhísí ar fud na hearnála poiblí.	Foréigean i gcoinne Ban.	Coiste Stiúrtha Náisiúnta, faoi cheannas na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
	Comhionannas: An foras a bhaineann le Claonadh Gnéasach.	Próiseas tuairiscithe bhliantúil don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i ndáil le toradh idirghníomhaíocht leanúnach na Roinne Oideachais agus Eolaíochta leis an nGréasán Comhionannais Aerach agus Leispiach.
	Plean Náisiúnta Forbartha agus Creat Náisiúnta Straitéiseach Tagartha.	Grúpa Ardleibhéil i gcomhair an Phlean Náisiúnta Forbartha. Coiste Faireacháin Chlár Oibríochta Réigiún na Teorann agus an Mheán-Iarthair 2007 – 2013. Coiste Faireacháin Chlár Oibríochta Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir 2007 – 2013. Clár Oibríochta Infheistíochta Caipitil Dhaonna 2007 – 2013. Coiste Faireacháin an Phlean Náisiúnta Forbartha 2007 – 2013. Coiste Faireacháin an Chreata Náisiúnta Straitéisigh Tagartha 2007 – 2013.
	Comhordú tionscnamh sláinte agus oideachais i scoileanna i gcomhthéacs an churaclaim.	Coiste idir-Roinne ar Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Coiste Bainistíochta Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte. Cuirfidh Grúpa Comhairleach ina bhfuil na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ceardchumainn na múinteoirí, comhairle na dtuismitheoirí etc., eolas don Choiste Bainistíochta. An Roinn Sláinte agus Leanaí, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Seirbhís Tacaíochta Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte, Seirbhís Tacaíochta an Churaclaim Bunoideachais, an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Forbairt churaclaim agus Oideachas Múinteoirí	Oideachas i gcomhair Forbartha Inchothaithe.	Grúpa oibre faoi cheannas na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.
	Oideachas sna hEalaíona.	Idirchaidreamh le hoifigigh sa Chomhairle Ealaíon agus sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.
	Oideachas san Airgeadas.	Grúpa oibre i gcomhar leis an Údarás Rialála Airgeadais.
Riachtanais Speisialta Oideachais agus saincheistean na míchumais	Saincheisteanna míchumais.	Grúpa Oifigeach Sinsearach ar Mhíchumas.
	Maoirseacht a dhéanamh ar bhunú an Middletown Centre of Excellence in Autism (Ionad Sármhaitheasa Choilligh Chanannáin don Uathachas).	Coiste Ionad Choilligh Chanannáin don Uathachas. An Roinn Sláinte agus Leanaí agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.
	Comhordú a dhéanamh ar shaincheisteanna sláinte agus oideachais i ndáil le hIonad Sármhaitheasa Choilligh Chanannáin don Uathachas.	Coiste Stiúrtha Ionad Sármhaitheasa Choilligh Chanannáin. An Roinn Sláinte agus Leanaí agus Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann.
	Breithniú, pleanáil agus comhordú a dhéanamh maidir le saincheisteanna trasluiteacha a éiríonn as cur i ngníomh comhpháirteach Acht EPSEN agus an Achta Míchumais.	Meitheal Thrasearnálach Sláinte/Oideachais ar Chur i nGníomh Acht EPSEN agus an Achta Míchumais. Tacaíocht ó fhoghrúpaí.
	Breithniú a dhéanamh i dtaobh na hoibre atá ag teastáil chun a chumasú d'Éirinn an Coinbhinsiún um Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú.	Grúpa Oibre Idir-Roinne, faoi cheannas na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Riachtanais Speisialta Oideachais agus saincheistean na míchumais	Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus comhlíonadh a chur chun cinn, i gcás comhlachtaí a thagann faoi chúram na Roinne agus ag a bhfuil sprioc 3% i ndáil le fostú daoine faoi mhíchumas (baineann sé seo le cur i ngníomh an Achta Míchumais 2005).	Coiste Faireacháin arna bhunú de réir fhorálacha an Achta Míchumais 2005. Idirchaidreamh leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus le réimse leathan comhlachtaí a thagann faoi chúram na Roinne.
	Treoirlínte a dhréachtú do mheasúnóirí a dhéanann measúnachtaí faoin Acht Míchumais agus clár oiliúna a tharraingt suas do bhainisteoirí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus do chinn araíonachta maidir leis an bpróiseas i ndáil le Measúnú Riachtanais.	Grúpa Oibre ar Mheasúnacht faoin Acht Míchumais, faoi cheannas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
Acmhainní Daonna, oiliúint foirne agus dílárú	Athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte beartais an Choiste Chomhairligh um Luathscor agus ar oibriú na nósanna imeachta luathscoir i gcoitinne.	Coiste Sainchomhairleach um Luathscor, faoi cheannas na Roinne Airgeadais.
	Riachtanais oiliúna na foirne a shainaithint agus freastal ar na riachtanais sin.	Idirchaidreamh a dhéanamh go díreach le CSTDC agus tríd an nGréasán Oiliúnóirí agus tríd an nGréasán PMDS.
	Dílárú.	An Grúpa Oifigeach Idirchaidrimh um Dhílárú. Comhoibriú dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú go soláthraítear cóiríocht ardchaighdeáin laistigh den amscála a luadh sa tuarascáil DIG is déanaí.
ICT	An Clár um Rochtain ar Leathanbhanda do Scoileanna.	Grúpa Stiúrtha chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh Chomhaontú comhpháirteach an Rialtais/na Cónaidhme Teileachumarsáide Idirlín maidir le Rochtain ar Leathanbhanda do Scoileanna. Grúpa Saineolaithe ar an gClár um Rochtain ar Leathanbhanda do Scoileanna.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
ICT	Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairtí ríomhRialtais agus ar an bPlean Gníomhaíochta do Shochaí an Eolais.	Grúpa ríomhStraitéise na nArd-Rúnaithe
Tógáil	Tionscadail Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí	Grúpa idir-roinne ar Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha Grúpa Comhairleach neamhfhoirmiúil ar Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha
	Measúnú a dhéanamh ar an riachtanas i ndáil le háiteanna scoile le n-áirítear riachtanais maidir le láithreáin do scoileanna nua.	Cruinnithe idir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus Údaráis Áitiúla (go príomha i limistéir atá ag fás go tapa) Idirchaidreamh dlúth agus cruinnithe rialta ag leibhéal bainistíochta sinsearaí.
	Athchóiriú an phróisis soláthair i ndáil le tógáil agus treoirlínte ina leith.	Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais, faoi cheannas na Roinne Airgeadais.
Saincheistean na Thuaidh/ Theas, AE agus Idirnáisiúnta	Comhordú ar an ionchur maidir le Straitéis Liospóin i ndáil leis an gClár Náisiúnta um Athchóiriú agus i ndáil leis an Straitéis Fostaíochta.	Comhordaitheoirí Idir-roinne AE.
	Comhordú agus malartú faisnéise maidir le gnó AE lena n-áirítear trasuí Treoracha AE.	Coiste Comhordaithe Idir-Roinne ar Ghnóthaí AE, faoi cheannas Roinn an Taoisigh.
	Ullmhú misean trádála agus chlár an Aire.	Comhordú an ghrúpa oibre i gcomhair an mhisin bhliantúil trádála thar lear, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le gnó OECD.	Coiste Idir-Roinne ar an ORCD, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le gnó Chomhairle na hEorpa.	Coiste Idir-Roinne ar Chomhairle na hEorpa, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Saincheistean na Thuaidh/ Theas, AE agus Idirnáisiúnta	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le méadú an AE.	Coiste Idir-Roinne ar Mhéadú, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Ullmhú misean trádála agus chlár an Aire.	Comhordú an ghrúpa oibre i gcomhair an mhisin bhliantúil trádála thar lear, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le gnó OECD.	Coiste Idir-Roinne ar an ORCD, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le gnó Chomhairle na hEorpa.	Coiste Idir-Roinne ar Chomhairle na hEorpa, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le méadú an AE.	Coiste Idir-Roinne ar Mhéadú, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur i ngníomh Straitéis na hÁise (Asia Strategy).	Grúpa Ardleibhéil Straitéis na hÁise.
	Comhordú saincheisteanna a bhaineann le UNESCO.	Coiste Náisiúnta UNESCO.
	Comhordú agus malartú faisnéise i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le forbairt an oideachais.	Coiste Idir-Roinne ar Fhorbairt, faoi cheannas na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
	Saincheisteanna a bhaineann le hinimirce/lánpháirtiú.	Oibriú leis an Roinn EJR agus leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta trí Oifig an Aire Lánpháirtíochta. Grúpa Oibre Idir-Roinne ar Dhaoine atá díreach tar éis teacht go hÉirinn. Grúpa Oibre Idir-Roinne ar Athlonnú agus Lánpháirtiú Dídeanaithe. Grúpa tras-rannach ar Bheartas maidir le Lánpháirtíocht.

Topaic	Seirbhís/Saincheist	Sásra comhordúcháin
Saincheisteanna Thuaidh/ Theas, AE agus Idirnáisiúnta	Saincheisteanna a bhaineann le hinimirce/lánpháirtiú.	Coiste Stiúrtha ar Fhorbairt Beartais Náisiúnta maidir le Béarla a sholáthar d'aosaigh atá díreach tar éis teacht go hÉirinn. Coiste Náisiúnta Comhairleach um Chiníochas agus Idirchultúrachas Grúpa Comhairleach Idirchultúrachais ar Aistriúcháin agus Ateangaireacht.
Uilechuimsitheacht Shóisialta	Straitéis Sonraí a fhorbairt chun tacú le NAPS.	Grúpa Comhairleach Teicniúil na hOifige um Uilechuimsitheacht Shóisialta.
	Forbairt Beartais i ndáil le cuspóirí atá leagtha amach i straitéisí uilechuimsitheachta sóisialta.	Fochoiste Comh-Aireachta ar Uilechuimsitheacht Shóisialta Grúpa Oifigeach Sinsearach ar Uilechuimsitheacht Shóisialta.
	Maoirseacht a dhéanamh ar bheartais arb é is aidhm leo feabhas a chur ar thorthaí do Phobal an Lucht Siúil, lena n-áirítear rochtain a fháil ar fhostaíocht agus forbairt cumarsáide idir Pobal an Lucht Siúil agus an pobal socraithe.	Grúpa ardleibhéil ar an Lucht Siúil. An Coiste Náisiúnta Faireacháin um an Lucht Siúil agus foghrúpaí.
	Maoirseacht ghinearálta agus bainistiú beartais i ndáil le Tionscadail Athghiniúna Luimnigh.	Boird Ghníomhaireacht Athghiniúna Luimnigh.
	Maoirseacht a dhéanamh ar Chlár RAPID.	Coiste Náisiúnta Faireacháin RAPID.
	An Straitéis Náisiúnta Drugaí.	Meitheal Idir-Roinne na Straitéise Náisiúnta Drugaí agus Tascfhórsaí Drugaí agus grúpaí gaolmhara eile.
	Scrúdú a dhéanamh ar na deiseanna chun comhordú níos fearr a dhéanamh ar sheirbhísí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le Drugaí agus Alcól.	Grúpa Oibre ar Shineirgíochtaí Alcóil agus Drugaí.
	Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú tionscadal míbhuntáiste oideachais trí chiste na gCuntas Díomhaoin.	Coiste Idir-Roinne Cuntas Díomhaoin i ndáil le Míbhuntáiste Oideachais.